AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.4.2025
COM(2025) 160 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais

COMHAONTÚ

IDIR AN tAONTAS EORPACH

AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT,

AGUS CONAIDHM NA H-EILVÉISE, DEN PHÁIRT EILE,

MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT CHÓNAIDHM NA H-EILVÉISE

I GCLÁIR DE CHUID AN AONTAIS

An tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (dá ngairtear i gcomhpháirt ‘an tAontas’ anseo feasta),

de pháirt, agus

Cónaidhm na hEilvéise (dár ngairtear ‘an Eilvéis’ anseo feasta),

den pháirt eile,

dá ngairtear i gcomhpháirt ‘na Páirtithe Conarthacha’ anseo feasta,

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH an ardtosaíocht a thugann siad don chaidreamh speisialta idir an tAontas, a Bhallstáit agus an Eilvéis, bunaithe ar a ngaireacht, ar a luachanna comhroinnte agus ar a bhféiniúlacht Eorpach;

AG CUR LEIS na spriocanna coiteanna agus na naisc láidre idir na Páirtithe Conarthacha a eascraíonn as Comhaontú Comhair 1978 idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Cónaidhm na hEilvéise i réimse an chomhleá theirmeanúicléach rialaithe agus na fisice plasma[1], Creat-Chomhaontú 1986 le haghaidh comhar eolaíoch agus teicniúil idir na Comhphobail Eorpacha agus Cónaidhm na hEilvéise[2], Comhaontuithe 2007 i bhfoirm Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Cónaidhm na hEilvéise i ndáil le cur i bhfeidhm Comhaontú ITER[3], cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le Pribhléidí agus Díolúintí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER chun an Tionscadal ITER a chur chun feidhme ar bhonn comhpháirteach[4], cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le Cur Chuige Níos Leithne [5], i ndáil le cur i bhfeidhm na gComhaontuithe sin ar chríoch na hEilvéise, i ndáil le ballraíocht na hEilvéise sa Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt[6], agus Comhaontú 2014 le haghaidh comhar eolaíoch agus teicniúil idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Cónaidhm na hEilvéise lena ndéantar Cónaidhm na hEilvéise a chomhlachú le Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach lena ndéantar Fís 2020 a chomhlánú, agus lena ndéantar rialáil ar rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i ngníomhaíochtaí ITER a dhéanann Fusion for Energy[7];

---

[1] IO AE L 242, 4.9.1978, lch. 2.

[2] IO AE L 313, 22.11.1985, p. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1985/507/oj.

[3] Comhaontú 2006 maidir le Bunú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER chun an Tionscadal ITER a chur chun feidhme ar bhonn comhpháirteach, IO AE L 20, 24.1.2008, lch. 17.

[4] Comhaontú 2006 'maidir le Pribhléidí agus Díolúintí ITER', IO AE L 358, 16.12.2006, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2006/943(2)/oj.

[5] Comhaontú 2007 idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Rialtas na Seapáine maidir le cur chun feidhme comhpháirteach Gníomhaíochtaí Cur Chuige Níos Leithne sa réimse taighde ar fhuinneamh comhleá, IO AE L 246, 21.9.2007, lch. 34.

[6] Cinneadh ón gCoimisiún an 22 Samhain 2007 maidir le Comhaontuithe a thabhairt i gcrích i bhfoirm Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) agus Cónaidhm na hEilvéise (an Eilvéis) maidir le cur i bhfeidhm Chomhaontú ITER, an Chomhaontaithe maidir le Pribhléidí agus Díolúintí le haghaidh ITER agus an Chomhaontaithe maidir le Cur Chuige Níos Leithne i leith chríoch na hEilvéise agus maidir le ballraíocht na hEilvéise sa Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, IO AE L 20, 24.1.2008, lch. 11.

[7] IO AE L 370, 30.12.2014, lch. 3.

DE BHRÍ go ndearna an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) ‘Comhaontú ITER’, an Comhaontú maidir le Pribhléidí agus Díolúintí ITER agus an Comhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne a thabhairt i gcrích;

I bhFIANAISE Chinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle[1] lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó;

AG AITHINT DÓIBH mian choiteann na bPáirtithe Conarthacha a gcaidreamh agus a gcomhar i ngníomhaíochtaí a bhaineann le ITER a fhorbairt, a neartú, a spreagadh agus a shíneadh a thuilleadh, ar bhonn an chomhionannais, ar bhonn na cómhalartachta agus ar bhonn cothromaíocht fhoriomlán idir sochair, cearta agus oibleagáidí;

I bhFIANAISE iarrachtaí an Aontais an fhreagairt a stiúradh trí dhul i gcomhar lena gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda i gcomhréir le plean gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe ar mhaithe le daoine, an pláinéad agus an rathúnas dar teideal ‘An domhan a chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe;

ÓS MIAN LEO comhaontú fadtéarmach a thabhairt i gcrích maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i glcáir de chuid an Aontais agus lena gcuirtear bunús dlí ar fáil don chomhar sin;

I bhFIANAISE chuspóir comhchoiteann na bPáirtithe Conarthacha a gcomhar seanbhunaithe rathúil a chomhdhlúthú agus a dhoimhniú, go háirithe maidir le taighde agus nuálaíocht, an spás, comhleá agus eamhnú núicléach, oideachas, oiliúint, an óige, spórt agus cultúr, mar aon le réimsí leasa choitinn eile, amhail claochlú digiteach agus gníomhaíocht i réimse na sláinte, cuspóir lena gcumasófar rannpháirtíocht níos córasaí na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais amach anseo;

[1] Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear Comhghnóthas Eorpach i gcomhair ITER agus Fuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó (IO AE L 90, 30.3.2007, lch. 58).

AG AITHINT DÓIBH na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] lena mbunaítear Fís Eorpach ('an Clár Fís Eorpach') agus i Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach[2] ('Clár Euratom');

AG ADMHÁIL DÓIBH cuspóirí an limistéir Eorpaigh taighde athnuaite – is é sin limistéar coiteann eolaíoch agus teicneolaíoch a fhorbairt, margadh aonair don taighde agus don nuálaíocht a chruthú, comhar idir eagraíochtaí i réimse an taighde agus na nuálaíochta, lena n-áirítear ollscoileanna, agus malartú dea-chleachtas agus gairmeacha taighde tarraingteacha a chothú agus a éascú, soghluaisteacht trasteorann agus idirearnálach taighdeoirí a éascú, saorghluaiseacht eolais eolaíoch agus nuálaíochta eolaíche a chothú, urraim don tsaoirse acadúil agus do shaoirse an taighde eolaíoch a chur chun cinn, tacú le hoideachas eolaíochta agus gníomhaíochtaí cumarsáide, agus iomaíochas agus tarraingteacht na ngeilleagar rannpháirteach a spreagadh – agus ag admháil dóibh gur príomh-chomhpháirtithe ionchasacha iad na tíortha comhlachaithe le creatchláir an Aontais le haghaidh taighde agus nuálaíochta san iarracht sin;

AG CUR I dTÁBHACHT ról na gComhpháirtíochtaí Eorpacha a thugann aghaidh ar roinnt de na dúshláin is práinní atá os comhair na hEorpa trí thionscnaimh chomhbheartaithe thaighde agus nuálaíochta lena rannchuidítear go mór le tosaíochtaí an Aontais i réimse an taighde agus na nuálaíochta ina bhfuil gá le mais chriticiúil agus fís fhadtéarmach agus tábhacht rannpháirtíocht na dtíortha comhlachaithe sna Comhpháirtíochtaí Eorpacha den sórt sin;

---

[1] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO AE L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

[2] Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena n-aisghairtear Rialachán (Euratom) 2018/1563 (IO AE L 167 I, 12.5.2021, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/765/oj).

AG FÉACHAINT le coinníollacha comhthairbheacha a bhunú chun poist chuibhiúla a chruthú, éiceachórais nuálaíochta na bPáirtithe Conarthacha a neartú agus tacú leo trí chabhrú le cuideachtaí a bheith i mbun nuálaíochta agus méadú a dhéanamh i margaí na bPáirtithe Conarthacha agus trí ghlacadh na nuálaíochta, mar aon le cur in úsáid agus inrochtaineacht na nuálaíochta a éascú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta;

AG AITHINT DÓIBH gur cheart sochair fhrithpháirteacha a bheith i gceist le rannpháirtíocht chómhalartach i gcláir a chéile, agus go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach a dhícheall a chuid clár a oscailt don Pháirtí Conarthach eile, ag cur cineál na gclár san áireamh agus ag admháil dóibh go bhforchoimeádann na Páirtithe Conarthacha a gceart chun teorainn a chur le rannpháirtíocht sna cláir sin nó coinníollacha a leagan síos lena n-aghaidh, go háirithe ar chúiseanna slándála, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann lena sócmhainní straitéiseacha nó lena leasanna straitéiseacha;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH go bhféadfadh difríochtaí a bheith ann idir treoshuíomhanna chláir de chuid an Aontais agus treoshuíomhanna chláir agus bhearta na hEilvéise;

Is iad cuspóirí ginearálta Chlár Euratom gníomhaíochtaí i ndáil le taighde agus oiliúint núicléach a shaothrú agus béim á cur ar fheabhsú leanúnach na sábháilteachta núicléiche, na slándála núicléiche agus na cosanta ar radaíocht, mar aon le baint amach chuspóirí an Chláir Fís Eorpach a chomhlánú *inter alia* i gcomhthéacs an aistrithe fuinnimh, agus forbairt fuinnimh comhleá a chothú;

DE BHRÍ go bhfuil feidhm ag Comhaontú ITER maidir leis an Eilvéis, de bhun Airteagal 21 de, ar stát í a ghlacann páirt i gclár comhleá Euratom mar thríú Stát atá comhlachaithe go hiomlán;

DE BHRÍ gur comhalta den Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt é Euratom agus, de bhun Airteagal 2 de Chinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle, go mbeidh an Eilvéis ina comhalta den Chomhghnóthas sin mar thríú Stát tar éis di a clár taighde a chomhlachú le clár Euratom;

DE BHRÍ go bhfuil feidhm ag an gComhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne i leith na hEilvéise, de bhun Airteagal 26 de, ar stát í a ghlacann páirt i gclár comhleá Euratom mar thríú Stát atá comhlachaithe go hiomlán;

AG AITHINT DÓIBH na sochair a eascraíonn as rannpháirtíocht na hEilvéise i gcomhpháirteanna de Chlár Spáis an Aontais Eorpaigh atá oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha;

AG CUR I dTÁBHACHT an gá atá le héagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa a chosaint, a fhorbairt agus a chur chun cinn mar aon le hiomaíochas agus acmhainneacht eacnamaíoch earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a mhéadú, go háirithe earnáil an chlosamhairc;

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil cuspóirí agus prionsabail ghinearálta chláir an Aontais in earnálacha an chultúir agus an chlosamhairc fíor-riachtanach ó thaobh an chultúir, an daonlathais, an chomhshaoil, na sochaí agus an gheilleagair de agus go bhfuil siad ábhartha go háirithe dár sochaithe agus d'earnálacha an chultúir a bhfuil dúshláin rompu faoi láthair, dúshláin a bhaineann leis an domhandú, leis an athrú aeráide agus leis an digitiú;

AG ADMHÁIL DÓIBH go bhfuil na prionsabail sin, a léirítear i gCoinbhinsiún UNESCO 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn freisin, á saothrú ag an Eilvéis, stát a bhfuil dúshláin chomhchosúla roimpi agus a bhfuil na prionsabail chéanna aici, amhail an daonlathas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, lena n-áirítear comhionannas idir gach duine, cothromaíocht inscne, saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse ealaíne;

AG AITHINT DÓIBH na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach;

[1] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240 (IO AE L 166, 11.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/694/oj).

AG CUR I dTÁBHACHT go bhfuil deiseanna ollmhóra ó thaobh fáis agus post de i gceist le claochlú digiteach ár ngeilleagair agus ár sochaí, go bhféadann an claochlú digiteach cur leis an aistriú glas agus lenár n-iomaíochas domhanda, agus go bhféadann sé an éagsúlacht chruthaitheach agus chultúrtha a fheabhsú;

AG AITHINT DÓIBH gur gá, chun na forbairtí claochlaitheacha sin a bhaint amach, oibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais ar bhealach fíor-thrédhearcach agus ar bhonn spriocanna agus luachanna coiteanna, agus urraim do leasanna slándála an dá Pháirtí Chonarthacha á háirithiú an tráth céanna;

AG FEACHAINT le comhar comhthairbheach a bhunú chun cur in úsáid acmhainneachtaí digiteacha iontaofa slána na bPáirtithe Conarthacha a neartú agus chun tacú leis an gcur in úsáid sin, mar shampla sa ríomhaireacht ardfheidhmíochta, san intleacht shaorga, sa néalríomhaireacht, san imeall-ríomhaireacht agus i spásanna sonraí, chun ardscileanna digiteacha a neartú agus tacú leo, sin agus chun cur in úsáid agus úsáid is fearr na n-acmhainneachtaí digiteacha agus na hidir-inoibritheachta a neartú agus tacú leo, mar aon le glacadh, cur in úsáid agus inrochtaineacht na réiteach digiteach a éascú i measc na bPáirtithe Conarthacha;

AG CUR I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé, trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil, le forbairt oideachasúil, ghairmiúil agus phearsanta daoine san oideachais agus san oiliúint, san óige agus sa spóirt, san Eoraip agus lastall di, agus rannchuidiú ar an gcaoi sin le fás inbhuanaithe, le poist mhaithe agus le comhtháthú sóisialta, leis an nuálaíocht a spreagadh, agus le féiniúlacht Eorpach agus saoránacht ghníomhach a neartú;

I bhFIANAISE spriocanna coiteanna, luachanna agus naisc láidre na bPáirtithe Conarthacha i réimse an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, agus AG AITHINT DÓIBH mhian chomhchoiteann na bPáirtithe Conarthacha a gcaidreamh agus an comhar eatarthu a fhorbairt, a neartú, a spreagadh agus a shíneadh a thuilleadh sa réimse sin;

AG AITHINT DÓIBH na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health'), go háirithe i ndáil le codanna sonracha ábhartha den Chlár EU4Health, mar a chumhdaítear leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le Sláinte ('an Comhaontú maidir le Sláinte');

AG COMHROINNT cuspóirí ginearálta an Chláir EU4Health maidir le daoine san Aontas a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte; I bhFIANAISE spriocanna coiteanna, luachanna agus naisc láidre na bPáirtithe Conarthacha i réimse na sláinte; agus AG AITHINT DÓIBH mian choiteann na bPáirtithe Conarthacha a gcaidreamh agus an comhar eatarthu a fhorbairt, a neartú, a spreagadh agus a shíneadh sa réimse sin;

D'FHONN fairsinge a gcomhair a mhéadú, trí chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo a thosú ar an dáta is luaithe is féidir;

AG FEACHAINT lena áirithiú, maidir le gach eintiteas a gcuirtear de chúram air tionscadail nó gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a ndearnadh gealltanais dhlíthiúla a ghlacadh de láimh ina leith faoi choinníollacha an Chomhaontaithe seo, gur féidir leis na heintitis na tionscadail nó na gníomhaíochtaí sin a thabhairt chun críche fiú i gcás ina scoirfear den chur i bhfeidhm sealadach nó den fhoirceannadh;

[1] Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO AE L 107, 26.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/522/oj).

ÓS RUD É gur chun tairbhe na bPáirtithe Conarthacha an dlúthchaidreamh idir an Eilvéis agus an tAontas;

AG FÉACHAINT le creat marthanach um chomhar idir na Páirtithe Conarthacha a bhunú, ar creat é lena ngabhfaidh coinníollacha soiléire maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir agus i ngníomhaíochtaí de chuid an Aontais, mar aon le sásra lena n-éascaítear bunú na rannpháirtíochta sin i gcláir nó i ngníomhaíochtaí aonair an Aontais;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Ábhar

Leis an gComhaontú seo bunaítear na rialacha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise in aon chlár nó in aon ghníomhaíocht de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh, atá oscailte dá rannpháirtíocht agus a liostaítear i bprótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘bunghníomh’:

(i) gníomh dlí ó cheann amháin nó níos mó d’institiúidí an Aontais, seachas moladh nó tuairim, lena mbunaítear clár agus lena soláthraítear bunús dlí le haghaidh gníomhaíochta agus le haghaidh chur chun feidhme an chaiteachais chomhfhreagraigh arna iontráil i mbuiséad an Aontais nó chur chun feidhme na ráthaíochta buiséadaí nó an chúnaimh airgeadais arna dtacú ag buiséad an Aontais, lena n-áirítear aon leasú agus aon ghníomh ábhartha d’institiúid de chuid an Aontais a fhorlíonann nó a chuireann an gníomh sin chun feidhme, seachas na gníomhartha sin lena nglactar cláir oibre, nó

(ii) gníomh dlí ó cheann amháin nó níos mó d’institiúidí an Aontais, seachas moladh nó tuairim, lena mbunaítear gníomhaíocht arna maoiniú ó bhuiséad an Aontais seachas na cláir, lena n-áirítear aon leasú agus aon ghníomh ábhartha d’institiúid de chuid an Aontais a fhorlíonann nó a chuireann an gníomh sin chun feidhme, seachas na gníomhartha sin lena nglactar cláir oibre;

(b) ciallaíonn ‘comhaontú cistiúcháin’ aon chomhaontú a bhaineann le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, arna sainaithint sna prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, a nglacann an Eilvéis páirt iontu, agus lena gcuirtear chun feidhme cistí ón Aontas, amhail comhaontuithe deontais, comhaontuithe ranníocaíochta, comhaontuithe comhpháirtíochta maidir leis an gcreat airgeadais, comhaontuithe maoiniúcháin agus comhaontuithe ráthaíochta;

(c) ciallaíonn ‘rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme chlár nó ghníomhaíocht an Aontais’ rialacha arna leagan síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (‘an Rialachán Airgeadais’) a bhfuil feidhm acu maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus sa chlár oibre nó sna glaonna nó i nósanna imeachta dámhachtana eile de chuid an Aontais;

(d) ciallaíonn ‘an tAontas’ an tAontas nó an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, nó iad araon;

(e) ciallaíonn ‘nós imeachta dámhachtana de chuid an Aontais’ nós imeachta maidir le cistiú ón Aontas Eorpach a dhámhachtain ar nós imeachta é a sheolfaidh an tAontas Eorpach nó daoine nó eintitis a bhfuil sé de chúram orthu cistí de chuid an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme;

(f) ciallaíonn ‘eintiteas de chuid na hEilvéise’ aon chineál eintitis, cibé acu duine nádúrtha, duine dlítheanach nó eintiteas eile, a fhéadfaidh a bheith rannpháirteach i gclár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais i gcomhréir leis an mbunghníomh agus a bhfuil cónaí air san Eilvéis nó atá bunaithe san Eilvéis faoi dhlí na hEilvéise.

AIRTEAGAL 3

Rannpháirtíocht a bhunú

1. Glacfaidh an Eilvéis páirt i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais nó i gcodanna díobh agus rannchuideoidh sí leo, ar cláir agus gníomhaíochtaí iad atá oscailte do rannpháirtíocht na hEilvéise i gcomhréir leis na bunghníomhartha dá dtagraítear agus a chumhdaítear sna Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO AE L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI:

2. Maidir le gach creat airgeadais ilbhliantúil (‘CAI’) nua, tar éis do na bunghníomhartha lena mbunaítear na cláir de chuid an Aontais a theacht i bhfeidhm agus ar choinníoll go mbeidh na cláir sin de chuid an Aontais oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha, lena n-áirítear an Eilvéis, déanfaidh an Comhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú seo (‘an Comhchoiste’) leanúnachas rianúil an chomhair a bhunaítear leis an gComhaontú seo a phlé sula gcuirfear litir isteach ina léireofar go bhfuil sé ar intinn ag an Eilvéis páirt a ghlacadh i gclár de chuid an Aontais.

3. Sna prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo leagfar síos na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise in aon chlár nó in aon ghníomhaíocht ar leith de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh. Féadfaidh an Comhchoiste na prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo a leasú.

4. Leis na prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo:

(a) sainaithneofar cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó na codanna díobh, a nglacfaidh an Eilvéis páirt iontu;

(b) leagfar síos fad na rannpháirtíochta, is é sin an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh an Eilvéis agus eintitis na hEilvéise iarratas a dhéanamh ar chistiú ón Aontas nó a fhéadfar cur chun feidhme cistithe ón Aontas a chur de chúram orthu;

(c) leagfar síos coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise agus eintitis na hEilvéise, lena n-áirítear módúlachtaí sonracha maidir le cur chun feidhme na gcoinníollacha airgeadais mar a leagtar amach in Airteagail 7 agus 8 den Chomhaontú seo, módúlachtaí sonracha an tsásra ceartúcháin mar a leagtar amach in Airteagal 9 den Chomhaontú seo, agus coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i struchtúir arna gcruthú chun na cláir agus gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais a chur chun feidhme; comhlíonfaidh na coinníollacha sin an Comhaontú seo agus bunghníomhartha agus gníomhartha de chuid institiúid amháin nó níos mó den Aontas lena mbunaítear struchtúir den sórt sin;

(d) i gcás inarb infheidhme, leagfar síos méid ranníocaíocht na hEilvéise le clár de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme trí ionstraim airgeadais nó ráthaíocht bhuiséadach, faoi réir aon mhódúlacht shonrach dá dtagraítear in Airteagal 10 den Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 4

Rialacha chláir nó ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, a chomhlíonadh

1. Glacfaidh an Eilvéis páirt i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh, a chumhdaítear leis na prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhunaítear sa Chomhaontú seo, sna prótacail a ghabhann leis, sna bunghníomhartha agus sna rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí sin an Aontais, nó codanna díobh.

2. Áireofar an méid seo a leanas sna téarmaí agus sna coinníollacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) incháilitheacht eintitis na hEilvéise agus aon choinníoll incháilitheachta eile a bhaineann leis an Eilvéis, go háirithe na coinníollacha a bhaineann le tionscnamh, áit ghníomhaíochta nó náisiúntacht;

(b) na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le hiarratais a chur isteach, a mheasúnú agus a roghnú agus maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ag eintitis incháilithe na hEilvéise.

3. Beidh na téarmaí agus coinníollacha dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), coibhéiseach leis na téarmaí agus coinníollacha sin is infheidhme maidir le heintitis incháilithe na mBallstát, lena n-áirítear urraim do bhearta sriantacha an Aontais a glacadh faoin gConradh ar an Aontas Eorpach agus faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’), mura bhforáiltear a mhalairt sna téarmaí agus coinníollacha dá dtagraítear i mír 1.

AIRTEAGAL 5

Coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh,
ar coinníollacha iad a bhaineann le soghluaisteacht daoine agus gluaiseacht earraí agus seirbhísí
faoi chuimsiú chur chun feidhme
chláir nó ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh

1. Gan dochar d'fhorálacha níos fabhraí sa Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine[1] ('an Comhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine') nó i ndlí náisiúnta na hEilvéise, is faoi réir coinníll a bheidh rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh, dá dtagraítear in Airteagal 3 den Chomhaontú seo, lena n-éilítear soghluaisteacht daoine idir an tAontas agus an Eilvéis nó laistigh den Eilvéis chun na cláir sin de chuid an Aontais a chur chun feidhme, is é sin faoi réir coinníll go n-áiritheoidh an Eilvéis an méid seo a leanas:

(a) nach ndéanfar aon idirdhealú ar bhonn náisiúntachta i ndáil le soghluaisteacht daoine chun na cláir de chuid an Aontais a chur chun feidhme;

(b) nach mbeidh ualaí riaracháin nó airgeadais gan údar maith i gceist leis na coinníollacha maidir le daoine a bhogfaidh go dtí an Eilvéis agus laistigh den Eilvéis faoi chuimsiú chur chun feidhme chláir de chuid an Aontais; agus

(c) gurb ionann na coinníollacha do dhaoine maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí san Eilvéis a bhaineann go díreach le cur chun feidhme chláir de chuid an Aontais agus na coinníollacha do náisiúnaigh na hEilvéise; baineann sé sin, go háirithe, le haon táille a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht a mhaoinítear le clár de chuid an Aontais, agus tá sé gan dochar d'aon riail níos fabhraí maidir le táillí a bhféadfadh feidhm a bheith aici i gcomhthéacs an Chláir Erasmus+.

[1] IO AE L 114, 30.4.2002, lch. 6.

2. Gan dochar d'fhorálacha níos fabhraí sa Chomhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine nó i ndlí an Aontais, a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht a mbeadh soghluaisteacht daoine idir an Eilvéis agus an tAontas, nó laistigh den Aontas, i gceist léi chun cláir de chuid an Aontais a chur chun feidhme, áiritheoidh an tAontas an méid seo a leanas:

(a) nach mbeidh ualaí riaracháin nó airgeadais gan údar maith i gceist leis na coinníollacha do dhaoine maidir le bogadh chuig an Aontas agus laistigh den Aontas faoi chuimsiú chur chun feidhme chláir de chuid an Aontais; agus

(b) gurb ionann na coinníollacha do dhaoine maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí san Aontas a bhaineann go díreach le cur chun feidhme chláir de chuid an Aontais agus na coinníollacha do shaoránaigh an Aontais; baineann sé sin, go háirithe, le haon táille a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht a mhaoinítear le clár de chuid an Aontais, agus tá sé gan dochar d'aon riail níos fabhraí maidir le táillí a bhféadfadh feidhm a bheith aici i gcomhthéacs an Chláir Erasmus+.

3. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha gach iarracht éascú a dhéanamh ar ghluaiseacht trasteorann earraí agus seirbhísí atá beartaithe lena n-úsáid sna gníomhaíochtaí a chumhdaítear sa Chomhaontú seo, faoi chuimsiú na bhforálacha atá ann cheana.

4. Sna prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, féadfar téarmaí agus coinníollacha sonracha breise a leagan síos lena dtagraítear don Airteagal seo, téarmaí agus coinníollacha atá riachtanach do rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais nó i gcodanna díobh.

AIRTEAGAL 6

Rannpháirtíocht na hEilvéise i rialachas clár nó gníomhaíochtaí

1. Ceadófar d'ionadaithe nó do shaineolaithe na hEilvéise, nó do shaineolaithe arna n-ainmniú ag an Eilvéis, páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí, mura rud é gurb é atá i gceist pointí a fhorchoimeádtar do na Ballstáit, agus dóibh sin amháin, nó pointí i ndáil le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, nó cuid díobh, nach nglacann an Eilvéis páirt iontu, sna coistí, i gcruinnithe na ngrúpaí saineolaithe nó sna cruinnithe comhchosúla eile a nglacann ionadaithe nó saineolaithe ó na Ballstáit, nó saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit, páirt iontu, agus a thugann cúnamh don Choimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme agus bainistiú chláir nó ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, a nglacann an Eilvéis páirt iontu i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chomhaontú seo nó atá bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach i leith chur chun feidhme dhlí an Aontais i ndáil leis na cláir nó na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais, nó codanna díobh. Ionadaithe nó saineolaithe na hEilvéise, nó na saineolaithe arna n-ainmniú ag an Eilvéis, ní bheidh siad i láthair tráth na vótála. Cuirfear toradh na vótála in iúl don Eilvéis.

2. I gcás nach gceapfar saineolaithe ná meastóirí ar bhonn náisiúntachta, ní bheidh náisiúntacht ina cúis le saineolaithe agus meastóirí na hEilvéise a eisiamh.

3. Faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 1, i gcás rannpháirtíocht ionadaithe na hEilvéise sna cruinnithe dá dtagraítear sa mhír sin, nó i gcruinnithe eile a bhaineann le cur chun feidhme chláir agus ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais, beidh an rannpháirtíocht faoi réir ag na rialacha agus na nósanna imeachta céanna is infheidhme maidir le hionadaithe na mBallstát, ar rialacha agus nósanna imeachta iad a bhaineann leis na nithe seo a leanas: cearta labhartha, faisnéis agus doiciméadacht a fháil, ach amháin i gcás ina mbainfidh an fhaisnéis nó an doiciméadacht le pointí a fhorchoimeádtar do na Ballstáit agus dóibh sin amháin, nó le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, nó cuid díobh, nach nglacann an Eilvéis páirt iontu, sin agus aisíocaíocht costas taistil agus cothaithe.

4. Le prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, féadfar téarmaí agus coinníollacha breise le haghaidh rannpháirtíocht na saineolaithe a shainmhíniú, mar aon le rannpháirtíocht na hEilvéise, i mboird rialúcháin agus i struchtúir arna gcruthú chun críoch chláir nó ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais a shainmhínítear sna prótacail faoi seach a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 7

Coinníollacha airgeadais

1. Rannpháirtíocht na hEilvéise nó rannpháirtíocht eintitis na hEilvéise i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh, beidh sí faoi réir ranníocaíocht airgeadais ón Eilvéis leis an gcistiú comhfhreagrach faoi bhuiséad an Aontais.

2. Is éard a bheidh sa ranníocaíocht airgeadais suim na méideanna seo a leanas:

(a) ranníocaíocht oibríochtúil; agus

(b) táille rannpháirtíochta.

3. Beidh an ranníocaíocht airgeadais i bhfoirm íocaíochta bliantúla a dhéanfar i dtráthchuid amháin nó níos mó.

4. Gan dochar do mhír 8 den Airteagal seo, is 4 % den ranníocaíocht oibríochtúil bhliantúil a bheidh sa táille rannpháirtíochta agus ní bheidh sí faoi réir coigeartuithe cúlghabhálacha ach amháin i gcás coigeartaithe i ndáil le fionraí faoi Airteagal 19. I gcás fionraí faoi Airteagal 19, déanfar an táille rannpháirtíochta a choigeartú i gcomhréir le coigeartú na ranníocaíochta oibríochtúla. Ó 2028 ar aghaidh, féadfaidh an Comhchoiste leibhéal na táille rannpháirtíochta a choigeartú.

5. Cumhdófar leis an ranníocaíocht oibríochtúil caiteachas oibríochtúil agus caiteachas tacaíochta agus beidh sí sa bhreis, i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon, ar na méideanna arna n-iontráil i mbuiséad an Aontais Eorpaigh a ghlacfar go cinntitheach le haghaidh clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, arna méadú, i gcás inarb iomchuí, le hioncam sannta seachtrach nach n-eascraíonn as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ó dheontóirí eile, mar a shainmhínítear i bprótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo.

6. Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar threoir ranníoca arna sainiú mar an cóimheas idir Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hEilvéise ag praghsanna an mhargaidh agus OTI an Aontais ag praghsanna an mhargaidh. Chun na críche sin, is iad na figiúirí is déanaí a bheidh ar fáil ón 1 Eanáir den bhliain ina ndéantar an íocaíocht bhliantúil de réir mar a sholáthróidh Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat) iad na figiúirí a úsáidfear le haghaidh OTI ag margadhphraghsanna na bPáirtithe Conarthacha, agus aird chuí á tabhairt ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar i réimse an staidrimh, arna dhéanamh i Lucsamburg an 26 Deireadh Fómhair 2006. Má scoireann an comhaontú sin d'fheidhm a bheith aige, is é an figiúr a ghlacfar mar OTI na hEilvéise an figiúr a bhunófar ar bhonn na faisnéise arna cur ar fáil ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta.

7. Beidh an ranníocaíocht oibríochtúil bunaithe ar chur i bhfeidhm na treorach ranníoca ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas tosaigh, a mhéadófar mar a thuairiscítear i mír 5, arna n-iontráil i mbuiséad an Aontais Eorpaigh a ghlacfar go cinntitheach i leith na bliana is infheidhme chun cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó, codanna díobh, a mhaoiniú, a nglacann an Eilvéis páirt iontu.

8. Is é an luach seo a leanas an luach a bheidh ar an táille rannpháirtíochta dá tagraítear i mír 2 sna blianta 2025 go 2027:

– 2025: 2,5 %;

– 2026: 3 %;

– 2027: 4 %.

9. Arna iarraidh sin, soláthróidh an Coimisiún Eorpach don Eilvéis faisnéis i ndáil lena rannpháirtíocht airgeadais mar a áirítear san fhaisnéis bhuiséadach, chuntasaíochta, feidhmíochta agus mheastóireachta arna soláthar d'údarás buiséadacha agus d'údarás um urscaoileadh an Aontais Eorpaigh maidir le cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó, i gcásanna eisceachtúla, codanna díobh, a nglacann an Eilvéis páirt iontu. Soláthrófar an fhaisnéis sin agus aird chuí á tabhairt do rialacha rúndachta agus cosanta sonraí an Aontais agus na hEilvéise agus tá sí gan dochar don fhaisnéis atá an Eilvéis i dteideal a fháil faoi Airteagal 12.

10. Is in euro a dhéanfar ranníocaíochtaí airgeadais uile na hEilvéise nó na híocaíochtaí uile ón Aontas agus is in euro a ríomhfar na méideanna a bheidh dlite nó le fáil.

11. Leagtar amach forálacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo sna prótacail éagsúla a ghabhann leis an gComhaontú seo agus san Iarscríbhinn I a ghabhann leis maidir le Forálacha um Chur Chun feidhme Airgeadais.

AIRTEAGAL 8

Cláir agus gníomhaíochtaí a bhfuil feidhm ag sásra coigeartaithe ar an ranníocaíocht oibríochtúil maidir leo

1. I gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa phrótacal ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo, féadfar ranníocaíocht oibríochtúil cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais, nó cuid díobh, le haghaidh bhliain N a choigeartú suas nó síos go cúlghabhálach i mbliain amháin nó níos mó blianta ina dhiaidh sin ar bhonn na ngealltanas buiséadach a dhéanfar maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh na bliana sin, ar bhonn a gcur chun feidhme trí ghealltanais dhlíthiúla agus ar bhonn a ngealltanas saortha.

2. Sa bhliain N+1 a dhéanfar an chéad choigeartú nuair a choigeartófar an ranníocaíocht oibríochtúil de réir na difríochta idir an ranníocaíocht agus ranníocaíocht choigeartaithe arna ríomh trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú trí chur i bhfeidhm comhéifeachta i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa phrótacal lena mbaineann, a chur i bhfeidhm maidir le suim:

(a) mhéid na ngealltanas buiséadach a rinneadh maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a údaraíodh i mbliain N faoi bhuiséad an Aontais agus maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do ghealltanais saortha a chuirtear ar fáil arís; agus

(b) aon leithreasú ó ioncam sannta seachtrach nach dtagann as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ó dheontóirí eile a chumhdaítear sna prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo agus a bhí ar fáil ag deireadh bhliain N.

3. Gach bliain ina dhiaidh sin, go dtí go mbeidh na gealltanais bhuiséadacha uile a mhaoinítear faoi leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a thionscnaítear ó bhliain N íoctha nó saortha, agus 3 bliana ar a dhéanaí tar éis dheireadh chlár an Aontais nó tar éis dheireadh CAI a chomhfhreagraíonn do bhliain N, cibé acu is túisce, ríomhfaidh an tAontas coigeartú ar ranníocaíocht bhliain N trí ranníocaíocht na hEilvéise a laghdú faoin méid a fuarthas trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Phrótacal faoi seach, a chur i bhfeidhm maidir leis na gealltanais saortha a rinneadh gach bliain maidir le gealltanais bhliain N a mhaoinítear faoi bhuiséad an Aontais nó ó ghealltanais saortha a chuirtear ar fáil arís.

4. I gcás ina gcuirfear ar ceal na leithreasuithe ó ioncam sannta seachtrach nach dtagann as ranníocaíochtaí airgeadais le cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ó dheontóirí eile a chumhdaítear le gach prótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo, déanfar ranníocaíocht na hEilvéise le clár ábhartha nó le gníomhaíocht ábhartha an Aontais, nó codanna díobh, a laghdú faoin méid a fuarthas trí threoir ranníoca bhliain N, arna coigeartú i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa phrótacal lena mbaineann, a chur i bhfeidhm maidir leis an méid a cuireadh ar ceal.

5. I mbliain N+2 nó i mblianta ina dhiaidh sin, tar éis na coigeartuithe dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 a dhéanamh, déanfar ranníocaíocht na hEilvéise le haghaidh bhliain N a laghdú freisin faoi mhéid a gheofar trí ranníocaíocht na hEilvéise le haghaidh bhliain N a iolrú faoi chóimheas na nithe seo a leanas:

(a) gealltanais dhlíthiúla bhliain N, arna gcistiú faoi aon leithreasaí faoi chomhair gealltanais atá ar fáil i mbliain N, agus a eascraíonn as nósanna imeachta dámhachtana iomaíocha,

(i) óna bhfuil an Eilvéis agus eintitis na hEilvéise eisiata;

(ii) a bhfuil an sprioc-am chun iarratais a chur isteach ina leith imithe in éag le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 19 nó tar éis foirceannadh dá dtagraítear in Airteagal 20 a theacht i bhfeidhm; agus

(b) méid iomlán na ngealltanas dlíthiúil arna gcistiú faoi aon leithreasaí faoi chomhair gealltanais de bhliain N.

6. Ríomhfar méid na ngealltanas dlíthiúil, mar a thugtar tuairisc orthu i mír 5, trí na gealltanais bhuiséadacha go léir a rinneadh i mbliain N a ghlacadh agus trí na gealltanais saortha a rinneadh maidir leis na gealltanais sin i mbliain N+ 1 a asbhaint.

AIRTEAGAL 9

Cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh
a bhfuil feidhm ag sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo

1. Beidh feidhm ag sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, nó cuid díobh, ar ina leith a dhéantar foráil maidir le cur i bhfeidhm an tsásra ceartúcháin uathoibríoch sa bhunghníomh lena mbunaítear an clár nó an ghníomhaíocht sin de chuid an Aontais agus sa phrótacal ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú seo. Féadfar cur i bhfeidhm an tsásra ceartúcháin uathoibríoch sin a theorannú do chodanna de chlár nó de ghníomhaíocht an Aontais a shonraítear sa phrótacal a ghabhann leis an gcomhaontú seo, codanna a chuirtear chun feidhme trí dheontais ar ina leith a eagraítear glaonna iomaíocha. Rialacha mionsonraithe maidir le sainaithint na gcodanna sin de chlár nó de ghníomhaíocht an Aontais a mbeidh nó nach mbeidh feidhm ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo, féadfar iad a bhunú sa phrótacal sin.

2. Is éard a bheidh i méid an cheartúcháin uathoibríoch le haghaidh cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais, nó cuid díobh, an difríocht idir méideanna tosaigh na ngealltanas dlíthiúil a dhéanfar go hiarbhír leis an Eilvéis nó le heintitis na hEilvéise a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana i gceist agus an ranníocaíocht oibríochtúil chomhfhreagrach a íocfaidh an Eilvéis de réir mar a choigeartófar de bhun Airteagal 8 den Chomhaontú seo, má fhoráiltear sa phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le coigeartú den chineál sin, cé is moite de chaiteachas tacaíochta, lena gcumhdaítear an tréimhse chéanna.

3. Aon mhéid dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, ar mó é, le haghaidh gach cinn de dhá bhliain as a chéile, ná 8 % de ranníocaíocht oibríochtúil chomhfhreagrach na hEilvéise le clár de chuid an Aontais arna choigeartú de bhun Airteagal 8, beidh sé dlite ag an Eilvéis mar ranníocaíocht bhreise faoin sásra ceartúcháin uathoibríoch le haghaidh gach cinn den dá bhliain sin.

4. Rialacha mionsonraithe maidir le bunú mhéideanna ábhartha na ngealltanas dlíthiúil dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear i gcás cuibhreannas, agus rialacha mionsonraithe maidir le ríomh an cheartúcháin uathoibríoch, féadfar iad a leagan síos san Iarscríbhinn maidir le Forálacha um Chur Chun feidhme Airgeadais a ghabhann leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 10

Maoiniú i ndáil le cláir de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme trí ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha

1. I gcomhréir le hAirteagal 3, i gcás ina nglacfaidh an Eilvéis páirt i gclár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, nó i gcuid díobh, a chuirtear chun feidhme trí ionstraimí airgeadais nó trí ráthaíochtaí buiséadacha faoin Rialachán Airgeadais, soláthróidh an Eilvéis ranníocaíocht do na hionstraimí airgeadais nó do na ráthaíochtaí buiséadacha sin i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus leis an mbunghníomh lena mbunaítear clár nó gníomhaíocht an Aontais.

An méid a ranníocfar, méadóidh sé ráthaíocht bhuiséadach an Aontais nó clúdach airgeadais na hionstraime airgeadais.

2. I gcás inarb iomchuí, féadfar módúlachtaí maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo a shonrú a thuilleadh sa phrótacal ábhartha.

AIRTEAGAL 11

Athbhreithnithe agus iniúchtaí

1. Beidh sé de cheart ag an Aontas, i gcomhréir leis na gníomhartha is infheidhme ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí nó comhlachtaí an Aontais agus mar a fhoráiltear i gcomhaontuithe agus/nó i gconarthaí ábhartha, athbhreithnithe agus iniúchtaí teicniúla, eolaíocha, airgeadais, nó cineálacha eile athbhreithnithe agus iniúchtaí, a dhéanamh ar áitreabh aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air san Eilvéis nó ar áitreabh aon eintitis dhlítheanaigh atá bunaithe san Eilvéis agus a fhaigheann cistiú ón Aontas, chomh maith le haon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme chistí an Aontais atá ina chónaí nó bunaithe san Eilvéis. Féadfaidh gníomhairí institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, go háirithe gníomhairí an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí sin a dhéanamh, nó féadfaidh daoine eile, ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh, iad a dhéanamh. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú ag gníomhairí agus comhlachtaí imscrúdaitheacha an Aontais ar chríoch na hEilvéise, gníomhóidh siad ar bhealach atá comhsheasmhach le dlí na hEilvéise.

2. Beidh rochtain iomchuí ag gníomhairí institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais, go háirithe gníomhairí an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus na daoine eile ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh, ar láithreáin, oibreacha agus doiciméid, i leaganacha leictreonacha agus i leaganacha páipéir, agus ar an bhfaisnéis uile is gá chun na hiniúchtaí sin a dhéanamh, lena n-áirítear an ceart chun cóip fhisiceach/leictreonach d'aon doiciméad nó d'ábhar aon mheáin sonraí, nó sleachta ó na doiciméid sin, atá ag an duine nádúrtha nó dlítheanach atá faoi iniúchadh nó ag an tríú páirtí atá faoi iniúchadh.

3. Ní chuirfidh an Eilvéis cosc ná aon bhac ar leith ar an gceart iontrála san Eilvéis ná ar rochtain ar áitreabh na ngníomhairí agus na ndaoine eile dá dtagraítear i mír 2 ar fhorais fheidhmiú a ndualgas dá dtagraítear san Airteagal seo.

4. Féadfar na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagail a dhéanamh freisin, tar éis chur i bhfeidhm an phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur ar fionraí, de bhun Airteagal 19 de, tar éis scor an chur i bhfeidhm shealadaigh nó tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, ar bhonn na dtéarmaí a leagtar síos sna gníomhartha is infheidhme ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí nó comhlachtaí an Aontais agus dá bhforáiltear i gcomhaontuithe agus/nó i gconarthaí ábhartha i ndáil le haon ghealltanas dlíthiúil lena gcuirtear chun feidhme buiséad an Aontais ar gealltanas é a bheidh déanta ag an Aontas roimh an dáta óna ngabhfaidh éifeacht le fionraí chur i bhfeidhm an phrótacail ábhartha, le scor an chur i bhfeidhm shealadaigh nó le foirceannadh an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 12

An comhrac i gcoinne neamhrialtachtaí, calaoise agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais

1. Údarófar don Choimisiún Eorpach agus don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh ar chríoch na hEilvéise i ndáil le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus na bprótacal a ghabhann leis, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair. Déanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha arna mbunú leis na gníomhartha is infheidhme ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú ag gníomhairí agus comhlachtaí imscrúdaitheacha an Aontais ar chríoch na hEilvéise, gníomhóidh siad ar bhealach atá comhsheasmhach le dlí na hEilvéise.
2. Cuirfidh údaráis inniúla na hEilvéise an Coimisiún Eorpach nó OLAF ar an eolas laistigh de thréimhse réasúnta faoi aon fhíoras nó amhras atá tugtha faoi deara acu i ndáil le neamhrialtacht, calaois nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus na bprótacal a ghabhann leis.

3. Féadfar seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh ar áitreabh aon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air sna Eilvéis nó ar áitreabh aon eintitis dhlítheanaigh atá bunaithe san Eilvéis agus a fhaigheann cistí ón Aontas, chomh maith le háitreabh a bhaineann le haon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme chistí an Aontais atá ina chónaí nó bunaithe san Eilvéis.

4. Is é an Coimisiún Eorpach nó OLAF a ullmhóidh na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair agus a thabharfaidh i gcrích iad, i ndlúthchomhar le húdarás iniúchóireachta inniúil na hEilvéise a dtabharfar fógra dó tráth réasúnta roimh ré faoi sprioc, cuspóir agus bunús dlí na seiceálacha agus na gcigireachtaí, ionas gur féidir le húdaráis inniúla na hEilvéise cúnamh a chur ar fáil. Chuige sin, féadfaidh oifigigh údaráis inniúla na hEilvéise páirt a ghlacadh sna seiceálacha agus sna cigireachtaí ar an láthair.

5. Arna iarraidh sin d'údaráis inniúla na hEilvéise, féadfar na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go comhpháirteach leis an gCoimisiún Eorpach nó le OLAF.

6. Beidh rochtain ag gníomhairí an Choimisiúin Eorpaigh agus ag baill foirne OLAF ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht uile, lena n-áirítear sonraí ríomhaireachta, maidir leis na hoibríochtaí lena mbaineann atá riachtanach chun na seiceálacha agus na cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh mar is cuí. Féadfaidh siad, go háirithe, doiciméid ábhartha a chóipeáil.

7. I gcás ina gcuireann duine, eintiteas nó tríú páirtí eile i gcoinne seiceáil nó cigireacht ar an láthair, tabharfaidh údaráis na hEilvéise cúnamh, ag gníomhú dóibh i gcomhréir le rialacha agus rialacháin náisiúnta, don Choimisiún Eorpach nó do OLAF, ionas gur féidir leo a ndualgas a chomhlíonadh maidir le seiceáil nó cigireacht ar an láthair a dhéanamh. Áireofar leis an gcúnamh sin na bearta réamhchúraim iomchuí a dhéanamh faoin dlí náisiúnta, go háirithe chun fianaise a chosaint.

8. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF údaráis inniúla na hEilvéise ar an eolas faoi thorthaí na seiceálacha agus na gcigireachtaí sin. Tuairisceoidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF, go háirithe, a luaithe is féidir d'údarás inniúil iniúchóireachta na hEilvéise maidir le haon fhíoras nó aon amhras a bhaineann le neamhrialtacht atá tugtha faoi deara acu le linn na seiceála nó na cigireachta ar an láthair.

9. Gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí coiriúil na hEilvéise, féadfaidh an Coimisiún Eorpach bearta agus pionóis riaracháin a fhorchur ar aon eintiteas de chuid na hEilvéise a ghlacann páirt i gcur chun feidhme cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais i gcomhréir le dlí an Aontais.

10. Chun críocha chur chun feidhme cuí an Airteagail seo, déanfaidh an Coimisiún Eorpach nó OLAF agus údaráis inniúla na hEilvéise faisnéis a mhalartú go rialta agus, arna iarraidh sin do cheann de na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú seo, rachaidh siad i gcomhairle le chéile.

11. Chun comhar agus malartú faisnéise éifeachtach le OLAF a éascú, ainmneoidh na hEilvéise pointe teagmhála.

12. An malartú faisnéise a dhéanfar idir an Coimisiún Eorpach nó OLAF agus údaráis inniúla na hEilvéise, déanfar é agus aird chuí á tabhairt ar na ceanglais rúndachta. Na sonraí pearsanta a áireofar sa mhalartú faisnéise, cosnófar iad i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.

13. Cuirfidh údaráis inniúla na hEilvéise Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) ar an eolas freisin faoi aon fhíoras nó amhras atá tugtha faoi deara acu i ndáil le neamhrialtacht, calaois nó gníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais nuair a bhaineann na fíorais nó an t-amhras sin le cás a d'fhéadfadh a theacht faoi réim inniúlachta OIPE. I gcásanna ina mbeidh imscrúduithe nó imeachtaí breithiúnacha ar bun ag OIPE nó ag an Eilvéis maidir le cionta coiriúla a dhéanann difear dá leasanna airgeadais faoi seach faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo, áiritheoidh an Eilvéis agus an tAontas cúnamh frithpháirteach éifeachtach, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme, d'fhonn ligean dá n-údaráis inniúla a ndualgas a chomhlíonadh maidir le déantóirí na gcionta coiriúla sin agus a gcomhchoirithe a imscrúdú, a ionchúiseamh agus breithiúnas a thabhairt orthu os comhair a gcúirteanna.

AIRTEAGAL 13

Leasuithe ar Airteagail 11 agus 12

Féadfaidh an Comhchoiste Airteagail 11 agus 12 a leasú chun athruithe ar ghníomhartha ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais a chur san áireamh.

AIRTEAGAL 14

Aisghabháil agus forfheidhmiú

1. Cinneadh arna nglacadh ag an gCoimisiún Eorpach lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar dhaoine dlítheanacha nó nádúrtha seachas Stáit i ndáil le haon éileamh a eascraíonn as cláir, gníomhaíochtaí, tionscadail nó gníomhartha de chuid an Aontais, beidh siad in-fhorfheidhmithe san Eilvéis. Beidh an t-ordú maidir lena fhorfheidhmiú i gceangal leis an gcinneadh ábhartha, gan aon fhoirmiúlacht eile seachas fíorú ar bharántúlacht an chinnidh ag an údarás náisiúnta arna ainmniú chun na críche sin ag Rialtas na hEilvéise. Déanfar an forfheidhmiú i gcomhréir le dlí agus rialacha nós imeachta na hEilvéise. Measfar cinntí in-fhorfheidhmithe ón gCoimisiún Eorpach a bheith ina dteidil in-fhorfheidhmithe de réir bhrí an Achta Cónaidhme um Fhorfheidhmiú Fiachais agus Féimheacht (DEBA), agus ní bheidh siad faoi réir athbhreithnithe ar na tuillteanais os comhair chúirteanna na hEilvéise. Déanfaidh rialtas na hEilvéise a údarás náisiúnta ainmnithe chun críocha an Airteagail seo a chur in iúl don Choimisiún Eorpach agus do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le hAirteagal 15, beidh an Coimisiún Eorpach i dteideal fógra maidir le cinntí in-fhorfheidhmithe den sórt sin a thabhairt go díreach do dhaoine a bhfuil cónaí orthu san Eilvéis agus d'eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Eilvéis.

2. I gcás breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a thugtar i gcur i bhfeidhm clásail eadrána atá i gconradh nó i gcomhaontú i ndáil le cláir, gníomhaíochtaí, tionscadail nó gníomhartha an Aontais, beidh siad in-fhorfheidhmithe san Eilvéis ar an gcaoi chéanna le cinntí ón gCoimisiún Eorpach dá dtagraítear i mír 1.

3. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na gcinntí ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 agus forfheidhmiú na gcinntí sin a chur ar fionraí. Beidh dlínse ag cúirteanna na hEilvéise, áfach, maidir le gearáin á rá go bhfuil an forfheidhmiú á chur i gcrích ar bhealach neamhrialta.

AIRTEAGAL 15

Cumarsáid agus malartú faisnéise

Institiúidí agus comhlachtaí an Aontais atá rannpháirteach i gcur chun feidhme chláir nó ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i rialú na gclár nó na ngníomhaíochtaí sin, beidh siad i dteideal cumarsáid a dhéanamh go díreach, lena n-áirítear trí chórais malartaithe leictreonaigh, le haon duine nádúrtha a bhfuil cónaí air san Eilvéis nó le haon eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Eilvéis agus a fhaigheann cistiú ón Aontas, chomh maith le haon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme chistiú an Aontais agus a bhfuil cónaí air san Eilvéis nó atá bunaithe san Eilvéis. Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na tríú páirtithe sin an fhaisnéis agus an doiciméadacht ábhartha uile a chur go díreach faoi bhráid institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais, faisnéis agus doiciméadacht a cheanglaítear orthu a chur isteach ar bhonn reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le clár nó gníomhaíocht an Aontais agus ar bhonn aon chonartha nó aon chomhaontaithe cistiúcháin arna dtabhairt i gcrích chun an clár nó an ghníomhaíocht sin a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 16

An Comhchoiste um rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais

1. Leis seo bunaítear Comhchoiste um rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais. Déanfaidh an Comhchoiste:

(a) feidhmiú cuí agus cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo agus na bprótacal a ghabhann leis a áirithiú, lena n-áirítear measúnú, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme, agus go háirithe:

(i) rannpháirtíocht agus feidhmíocht eintitis na hEilvéise i gcláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh;

(ii) i gcás inarb ábhartha, leibhéal oscailteachta (frithpháirtí) na n-eintiteas dlítheanach atá bunaithe i ngach Páirtí Conarthach páirt a ghlacadh i gcláir, i dtionscadail, i ngníomhartha agus i ngníomhaíochtaí de chuid an Pháirtí Chonarthaigh eile, nó i gcodanna díobh;

(iii) cur chun feidhme an tsásra ranníocaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 7 agus, i gcás inarb ábhartha, cur chun feidhme an tsásra ceartúcháin uathoibríoch is infheidhme maidir le cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a chumhdaítear sna prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo i gcomhréir le hAirteagal 9;

(iv) malartú faisnéise, agus i gcás inarb ábhartha, scrúdú a dhéanamh ar aon cheist a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le saothrú torthaí, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla;

(v) plé a dhéanamh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí Conarthach, ar shrianta arna gcur i bhfeidhm nó atá beartaithe ag na Páirtithe Conarthacha ar an rochtain ar a gcláir thaighde agus nuálaíochta féin, lena n-áirítear go háirithe i gcás gníomhaíochtaí a bhaineann lena sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil;

(vi) scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir comhar a fheabhsú agus a fhorbairt;

(vii) plé comhpháirteach a dhéanamh ar threoshuíomhanna agus ar thosaíochtaí na mbeartas a bheidh ann amach anseo a bhaineann le cláir nó gníomhaíochtaí an Aontais a chumhdaítear leis na prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo;

(viii) malartú faisnéise, inter alia, maidir le reachtaíocht nua, cinntí nua nó cláir náisiúnta nua atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus na bprótacal a ghabhann leis;

(ix) prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le téarmaí agus coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir nó i ngníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, a ghlacadh, nó prótacail den sórt sin a leasú de réir mar is gá, trí bhíthin cinnidh;

(x) Airteagail 11 agus 12 den Chomhaontú seo a leasú, go háirithe chun athruithe arna ndéanamh ar ghníomhartha ó cheann amháin nó níos mó d'institiúidí an Aontais a chur san áireamh, trí bhíthin cinnidh;

(b) feidhmiú cuí agus cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo a áirithiú, i gcomhar leis an gComhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le Sláinte ('an Comhchoiste um Shláinte') a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte[1], le haghaidh ábhair a chumhdaítear sa Chomhaontú seo agus le haghaidh na n-ábhar sin amháin; agus go háirithe,

(i) an prótacal ábhartha a ghlacadh nó a leasú, i gcomhairle leis an gComhchoiste um Shláinte;

[1] Le haghaidh na tréimhse 2021-2027, seo é an Clár EU4Health, mar a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte ('Clár EU4Health') don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 (IO AE L 107, 26.3.2021, lch. 1).

(ii) an Comhchoiste um Shláinte a chur ar an eolas i gcás ina n-áireofar ar chlár oibre a chruinnithe ábhair a bhaineann le clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte.

2. Is de chomhthoil a ghlacfar cinntí an Chomhchoiste. Beidh cinntí ina gceangal ar na Páirtithe Conarthacha.

3. Is ionadaithe ó na Páirtithe Conarthacha a bheidh ar an gComhchoiste.

4. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh aon mheitheal nó aon chomhlacht comhairleach a bhunú ar bhonn *ad hoc* ar leibhéal na saineolaithe a bheidh in ann cúnamh a thabhairt an Comhaontú seo a chur chun feidhme.

5. Beidh ionadaí amháin ón dá Pháirtí Chonarthacha ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste.

6. Oibreoidh an Comhchoiste ar bhonn leanúnach trí fhaisnéis ábhartha a mhalartú trí bhíthin aon mhodh cumarsáide; go háirithe a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht agus feidhmíocht eintitis na hEilvéise. Féadfaidh an Comhchoiste, go háirithe, a chuid cúraimí a dhéanamh i scríbhinn aon uair is gá.

7. Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad, sa Bhruiséil agus i mBeirn gach re seach, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt. Tiocfaidh sé le chéile freisin arna iarraidh sin do cheachtar de na Páirtithe Conarthacha. Féadfaidh na comhchathaoirligh a chomhaontú go dtionólfar cruinniú den Chomhchoiste trí fhíschomhdháil nó trí theileachomhdháil.

8. Glacfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú a bheidh aige.

AIRTEAGAL 17

Teacht i bhfeidhm

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo a dhaingniú nó a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Tabharfaidh gach Páirtí Conarthach fógra don Pháirtí Conarthach eile faoi chur i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha is gá do theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an fhógra dheireanaigh maidir leis na hionstraimí seo a leanas:

(a) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;

(b) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine;

(c) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

(d) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

(e) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar;

(f) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar;

(g) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar;

(h) Prótacal maidir le Státchabhair a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar;

(i) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta;

(j) Prótacal Institiúideach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;

(k) Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta;

(l) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht airgeadais rialta na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú;

(m) Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.

AIRTEAGAL 18

Cur i bhfeidhm sealadach

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha agus lena reachtaíocht féin, ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh. Má shínítear an Comhaontú seo tar éis an 15 Samhain 2025, cuirfidh na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha agus lena reachtaíocht féin, ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

2. Scoirfidh cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo an 31 Nollaig 2028 ar a dhéanaí mura mbeidh a nósanna imeachta inmheánacha tugtha chun críche ag an Eilvéis faoin dáta sin, ar nósanna imeachta iad is gá do theacht i bhfeidhm na n-ionstraimí a luaitear in Airteagal 17.

3. I gcás ina scoirfidh cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo d'fheidhm a bheith aige i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha go mbeidh ranníocaíocht oibríochtúil na hEilvéise dá dtagraítear in Airteagal 7 dlite gan an coigeartú dá bhforáiltear in Airteagal 8 ná an ceartúchán dá bhforáiltear in Airteagal 9 san áireamh.

4. Maidir le tionscadail nó gníomhaíochtaí a ndéanfar gealltanais dhlíthiúla a ghlacadh de láimh ina leith tar éis chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo agus sula scoirfidh sé d'fheidhm shealadach a bheith aige, comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha go leanfar de na tionscadail nó gníomhaíochtaí sin go dtí go dtabharfar chun críche iad faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú.

AIRTEAGAL 19

Fionraí

1. Féadfaidh an tAontas cur i bhfeidhm prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo a chur ar fionraí i ndáil le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, nó cuid díobh:

(a) mura gcomhlíonann an Eilvéis a hoibleagáidí faoi Airteagal 5(1), agus má bhíonn tionchar suntasach aige sin ar chur chun feidhme an chláir nó na gníomhaíochta sin, nó cur chun feidhme coda díobh;

(b) i gcás neamhíocaíocht pháirteach nó neamhíocaíocht iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá dlite ag an Eilvéis faoin gclár nó faoin ngníomhaíocht sin.

I gcás neamhíocaíocht a d'fhéadfadh cur chun feidhme agus bainistiú cláir nó gníomhaíochta de chuid an Aontais a chur i mbaol go mór, seolfaidh an Coimisiún Eorpach litir mheabhrúcháin fhoirmiúil. I gcás nach ndéanfar aon íocaíocht laistigh de 20 lá oibre tar éis an litir mheabhrúcháin fhoirmiúil a fháil, tabharfaidh an Coimisiún Eorpach fógra don Eilvéis maidir le cur ar fionraí chur i bhfeidhm an phrótacail ábhartha trí litir fógra fhoirmiúil, fionraí a thiocfaidh i bhfeidhm 15 lá tar éis don Eilvéis an fógra sin a fháil;

(c) sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 16 den Chomhaontú maidir le Sláinte a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na hEilvéise i gclár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte.

2. I gcás ina gcuirfear cur i bhfeidhm an phrótacail ar fionraí, ní bheidh eintitis na hEilvéise incháilithe páirt a ghlacadh i nósanna imeachta dámhachtana an Aontais nach bhfuil tugtha i gcrích go fóill nuair a chuirfear an fhionraí i bhfeidhm. Measfar nós imeachta dámhachtana a bheith tugtha i gcrích nuair a ghlacfar gealltanais dhlíthiúla de láimh mar thoradh ar an nós imeachta sin.

3. Leis an bhfionraí, ní dhéanfar difear do na gealltanais dhlíthiúla arna nglacadh de láimh le heintitis na hEilvéise faoi chlár nó faoi ghníomhaíocht an Aontais sular tháinig an fhionraí i bhfeidhm. Leanfaidh an prótacal ábhartha d'fheidhm a bheith aige maidir le gealltanais dhlíthiúla den sórt sin.

4. Tabharfaidh an tAontas fógra láithreach don Eilvéis a luaithe a gheobhaidh an tAontas méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá dlite. Cuirfear deireadh leis an bhfionraí le héifeacht láithreach ar an bhfógra sin a thabhairt.

5. Ón dáta a chuirfear deireadh leis an bhfionraí, beidh eintitis na hEilvéise incháilithe arís le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana a sheolfar faoin gclár nó faoin ngníomhaíocht de chuid an Aontais lena mbaineann tar éis an dáta sin agus le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana a seoladh roimh an dáta sin, ar nósanna imeachta dámhachtana iad nach bhfuil na sprioc-amanna chun iarratais a chur isteach dulta in éag.

6. Más rud é, tar éis 6 mhí ó thús na fionraí i gcomhréir le mír 1, go bhfuil na himthosca ba chúis leis an bhfionraí fós ann, féadfaidh an tAontas an prótacal a cuireadh ar fionraí a fhoirceannadh go haontaobhach i ndáil leis an gclár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, nó an chuid díobh, lena mbaineann.

AIRTEAGAL 20

Foirceannadh

1. Féadfaidh Páirtí Conarthach an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra a thabhairt don Pháirtí Conarthach eile.

2. Scoirfidh an Comhaontú seo d'fheidhm a bheith aige 6 mhí tar éis an fógra i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 a fháil.

3. I gcás ina ndéanfar an Comhaontú seo a fhoirceannadh i gcomhréir leis an Airteagal seo, comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha an méid seo a leanas:

(a) maidir le tionscadail nó gníomhaíochtaí a ndéanfar gealltanais dhlíthiúla a ghlacadh de láimh ina leith tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus sula ndéanfar an Comhaontú seo a fhoirceannadh, leanfar díobh go dtí go dtabharfar chun críche iad faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo;

(b) maidir le ranníocaíocht airgeadais bhliain N le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, ar lena linn a dhéanfar an Comhaontú seo a fhoirceannadh, íocfar í ina hiomláine i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chomhaontú seo agus le haon riail ábhartha eile sa phrótacal lena mbaineann. I gcás ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil bhliain N leis an gclár nó leis an ngníomhaíocht ábhartha a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chomhaontú seo. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí an Aontais ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe agus ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch araon, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil ábhartha bhliain N a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chomhaontú seo agus a cheartú i gcomhréir le hAirteagal 9 de. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais nach mbeidh feidhm ach ag an sásra ceartúcháin maidir leo, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil ábhartha bhliain N a cheartú i gcomhréir le hAirteagal 9 den Chomhaontú seo. An táille rannpháirtíochta a íocfar le haghaidh bhliain N mar chuid den ranníocaíocht airgeadais le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, ní dhéanfar í a choigeartú ná a cheartú;

(c) i gcás ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe, tar éis na bliana ar lena linn a dhéanfar an Comhaontú seo a fhoirceannadh, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla le clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, a íocadh le haghaidh na mblianta ar lena linn a bhí feidhm ag an gComhaontú seo, a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 8. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais ina mbeidh feidhm ag an sásra coigeartaithe agus ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch araon, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla sin a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 8 agus a cheartú go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 9. I gcás cláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais nach mbeidh feidhm ach ag an sásra ceartúcháin uathoibríoch maidir leo, déanfar na ranníocaíochtaí oibríochtúla ábhartha a cheartú go huathoibríoch i gcomhréir le hAirteagal 9.

4. Faoi réir mhír 3, féadfar rannpháirtíocht na hEilvéise i gclár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte a fhoirceannadh sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 16 den Chomhaontú maidir le Sláinte.

5. Faoi réir mhír 3 agus d'ainneoin aon fhoráil dá mhalairt sa Chomhaontú seo, scoirfidh rannpháirtíocht na hEilvéise i gclár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte an lá céanna a scoirfidh an Comhaontú maidir le Sláinte de bheith i bhfeidhm.

6. Is de chomhthoil a shocróidh na Páirtithe Conarthacha aon iarmhairt eile a thiocfaidh as foirceannadh an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 21

Iarscríbhinn agus Prótacail

Beidh hIarscríbhinní agus na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo ina gcuid dhílis de.

AIRTEAGAL 22

Téacsanna barántúla

Déantar an Comhaontú seo a tharraingt suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

Á FHIANÚ SIN, chuir na daoine thíos-sínithe, agus údar cuí acu chuige sin, a lámh leis an gComhaontú seo.

[An fhoirmle deiridh (amhail an méid seo a leanas, i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais: ‘Arna dhéanamh sa Bhruiséil/i mBeirn an [...]ú lá de [mí] sa bhliain dhá mhíle [bliain]’)]

[Bloc na sínithe (amhail an méid seo a leanas, i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais: ‘Thar ceann an Aontais Eorpaigh’ agus ‘Thar ceann Chónaidhm na hEilvéise’)]

IARSCRÍBHINN MAIDIR LE FORÁLACHA UM CHUR CHUN FEIDHME AIRGEADAIS

1. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach in iúl don Eilvéis, a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí an 16 Aibreán de gach bliain airgeadais, an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach clár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, nó cuid díobh, a nglacann an Eilvéis páirt iontu:

   (a) na méideanna i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i mbuiséad an Aontais arna nglacadh go críochnaitheach le haghaidh na bliana i gceist do na línte buiséid lena gcumhdaítear rannpháirtíocht na hEilvéise i gcomhréir leis na prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo agus, más ábhartha, méid na leithreasuithe ó ioncam sannta seachtrach nach dtagann as ranníocaíocht airgeadais ó dheontóirí eile ar na línte buiséid sin;

   (b) méid na táille rannpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 7 den Chomhaontú seo;

   (c) ó bhliain N + 1 de chur chun feidhme cláir a áirítear sna prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo, cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a chomhfhreagraíonn do bhliain bhuiséadach N agus leibhéal na ngealltanas saortha;

   (d) i gcás cláir, nó codanna díobh, a bhfuil feidhm ag Airteagal 9 den Chomhaontú seo maidir leo, nuair a bhíonn gá leis an bhfaisnéis sin chun na nithe seo a leanas a ríomh: an ceartúchán uathoibríoch, leibhéal na ngealltanas arna nglacadh de láimh i bhfabhar eintitis na hEilvéise arna miondealú de réir bhliain chomhfhreagrach na leithreasuithe buiséadacha, sin agus leibhéal iomlán gaolmhar na ngealltanas.

Ar bhonn a Dhréachtbhuiséid, soláthróidh an Coimisiún Eorpach meastachán ar fhaisnéis faoi phointí (a) agus (b) a luaithe is féidir, le linn mhí an Mheithimh más féidir agus faoin 1 Meán Fómhair de gach bliain airgeadais ar a dhéanaí.

2. Déanfar luach iomlán an ghlao ar chistí le haghaidh bliain ar leith a shuí tríd an méid bliantúil a ríomhtar i gcur i bhfeidhm Airteagal 7 den Chomhaontú seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, más infheidhme maidir le clár de chuid an Aontais, aon choigeartú faoi Airteagal 8 den Chomhaontú seo, agus, más infheidhme maidir leis an gclár de chuid an Aontais, aon cheartú faoi Airteagal 9 den Chomhaontú seo.

   Ní bheidh aon tionchar ag cur i bhfeidhm na míre seo ar ríomh an cheartúcháin uathoibríoch faoi Airteagal 9 a shuí.

3. An 16 Aibreán ar a dhéanaí, agus, más infheidhme maidir leis an gclár de chuid an Aontais, an 22 Deireadh Fómhair ar a luaithe agus an 31 Deireadh Fómhair de gach bliain airgeadais ar a dhéanaí, eiseoidh an Coimisiún Eorpach glao ar chistí chuig an Eilvéis a chomhfhreagraíonn do ranníocaíocht na hEilvéise faoin gComhaontú seo le haghaidh gach cinn de chláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, a nglacann an Eilvéis páirt iontu.

4. Déanfar an glao ar chistí dá dtagraítear i mír 3 a struchtúrú i dtráthchodanna mar a leanas:

   (a) an chéad tráthchuid den bhliain, i ndáil leis an nglao ar chistí atá le heisiúint faoin 16 Aibreán, comhfhreagróidh sí do mhéid suas le coibhéis an mheastacháin ar ranníocaíocht bhliantúil airgeadais an chláir i gceist dá dtagraítear i mír 1.

   Íocfaidh an Eilvéis an méid a shonrófar sa ghlao ar chistí sin 60 lá ar a dhéanaí tar éis eisiúint an ghlao ar chistí;

(b) i gcás inarb infheidhme, an dara tráthchuid den bhliain, i ndáil leis an nglao ar chistí atá le heisiúint 22 Deireadh Fómhair ar a luaithe agus an 31 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí, comhfhreagróidh sí don difríocht idir an méid dá dtagraítear i mír 1 agus an méid dá dtagraítear i mír 3 i gcás ina mbeidh an méid dá dtagraítear i mír 3 níos airde. Íocfaidh an Eilvéis an méid a léireofar sa ghlao ar chistí sin faoin 21 Nollaig ar a dhéanaí.

Féadfaidh an Eilvéis íocaíochtaí ar leithligh a dhéanamh le haghaidh gach cláir agus gníomhaíochta.

5. I gcás ina dtosóidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige in 2025, le haghaidh na chéad bhliana dá chur chun feidhme, eiseoidh an Coimisiún Eorpach aon ghlao amháin ar chistí laistigh de 60 lá ó shíniú an Chomhaontaithe seo, agus faoin 10 Nollaig 2025 ar a dhéanaí.

6. I gcás ina dtosóidh an Comhaontú seo d'fheidhm shealadach a bheith aige in 2025, íocfaidh an Eilvéis an méid a léireofar sa ghlao ar chistí faoi mhír 5 tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis eisiúint an ghlao ar chistí agus faoin 21 Nollaig 2025 ar a dhéanaí.

7. I gcás ina ndéanfar rannpháirtíocht na hEilvéise a fhoirceannadh de bhun Airteagal 20 den Chomhaontú seo, beidh aon íocaíocht i ndáil leis an tréimhse sula dtiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm dlite. Eiseoidh an Coimisiún Eorpach glao ar chistí maidir leis an méid dlite sin mí amháin ar a dhéanaí tar éis éifeacht a ghabháil leis an bhfoirceannadh. Íocfaidh an Eilvéis an méid dlite sin laistigh de 60 lá tar éis eisiúint an ghlao ar chistí.

8. Is é an toradh a bheidh ar aon mhoill ar íocaíocht na ranníocaíochta go n-íocfaidh an Eilvéis ús mainneachtana ar an méid atá gan íoc ón dáta dlite suas go dtí an lá a íocfar ina iomláine an méid sin gan íoc.

9. Is é an ráta úis ar mhéideanna is infhaighte nach n-íoctar ar an dáta dlite an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a bheidh i bhfeidhm ar an gcéad lá féilire den mhí ina mbeidh an dáta dlite, nó 0 %, cibé acu is airde, móide 3,5 pointe céatadáin.

PRÓTACAL I

RANNPHÁIRTIOCHT SA CHLÁR FÍS EORPACH, SA CHLÁR TAIGHDE AGUS OILIÚINT EURATOM;
SA CHLÁR DON EORAIP DHIGITEACH AGUS SA CHLÁR ERASMUS +

CUID I

RIALACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

Cláir a nglacann an Eilvéis páirt iontu

1. Glacfaidh an Eilvéis páirt, mar thír chomhlachaithe, i gcláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh, arna mbunú leis na bunghníomhartha seo a leanas, agus rannchuideoidh sí leis na cláir agus na gníomhaíochtaí sin:

(a) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013[1] ('an Clár Fís Eorpach'), agus curtha chun feidhme tríd an gclár sonrach arna bhunú le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE[2], sna leaganacha is cothroime le dáta díobh agus trí ranníocaíocht airgeadais leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht arna bunú le Rialachán (AE) 2021/819 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht[3];

[1] IO AE L 170, 12.5.2021, lch. 1.
[2] IO AE L 167I, 12.5.2021, lch. 1.
[3] IO AE L 189, 28.5.2021, lch. 61.

(b) Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) 2018/1563[1](‘Clár Euratom’), ina leagan is cothroime le dáta;

(c) Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240[2](an ‘Clár don Eoraip Dhigiteach’), sa leagan is cothroime le dáta de;

(d) Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013[3](an ‘Clár Erasmus+’), sa leagan is cothroime le dáta de.

2. Ní bheidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir le nósanna imeachta dámhachtana lena gcuirtear chun feidhme gealltanais bhuiséadacha do na blianta seo a leanas:

(a) 2021, 2022, 2023 ná 2024 i gcláir nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh, dá dtagraítear in Airteagal 1, mír 1, pointí (a) go (c), den Phrótacal seo;

(b) 2021, 2022, 2023, 2024, 2025 ná 2026 sa chlár de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1, mír 1, pointe (d), den Phrótacal seo.

[1] IO L 167l, 12.5.2021, lch. 81,
[2] IO L 166, 11.5.2021, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/694/oj.
[3] IO AE L 189, 28.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/817/oj.

AIRTEAGAL 2

Fad rannpháirtíocht na hEilvéise

1. Glacfaidh an Eilvéis páirt i gcláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó i gcodanna díobh, dá dtagraítear sna pointí seo a leanas:

(a) Airteagal 1, mír 1, pointí (a) go (c), den Phrótacal seo ón 1 Eanáir 2025, nó dáta eile má dhéantar foráil maidir leis sin i dteideal sonrach den Phrótacal seo, ar feadh na tréimhse atá fágtha nó go dtí deireadh CAI 2021-2027, cibé acu is giorra;

(b) Airteagal 1, mír 1, pointe (d) den Phrótacal seo ón 1 Eanáir 2027 ar feadh na tréimhse atá fágtha nó go dtí deireadh CAI 2021-2027, cibé acu is giorra, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 14 den Phrótacal seo.

2. Beidh an Eilvéis nó eintitis de chuid na hEilvéise incháilithe faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 den Chomhaontú seo, maidir le nósanna imeachta dámhachtana an Aontais, lena gcuirtear chun feidhme gealltanais bhuiséadacha na gclár agus na ngníomhaíochtaí, nó na gcodanna díobh, dá dtagraítear in Airteagal 1 den Phrótacal seo laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

Maidir leis na cláir agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, dá dtagraítear in Airteagal 1, mír 1, pointí (a) go (c), den Phrótacal seo, ní bheidh an Eilvéis ná eintitis de chuid na hEilvéise incháilithe le haghaidh cistiú ón Aontas faoi nósanna imeachta dámhachtana an Aontais lena gcuirtear chun feidhme gealltanais bhuiséadacha do 2021, 2022, 2023 ná 2024, gan dochar do na rialacha incháilitheachta is infheidhme maidir le heintitis de chuid tríú tíortha neamh-chomhlachaithe a leagtar síos sa bhunghníomh ná do rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme chlár nó ghníomhaíocht an Aontais.

Maidir leis na clár agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, nó codanna díobh, dá dtagraítear in Airteagal 1, mír 1, pointe (d), den Phrótacal seo, ní bheidh an Eilvéis ná eintitis de chuid na hEilvéise incháilithe le haghaidh cistiú ón Aontas faoi nósanna imeachta dámhachtana an Aontais lena gcuirtear chun feidhme gealltanais bhuiséadacha do 2021, 2022, 2023, 2024, 2025 ná 2026, gan dochar do na rialacha incháilitheachta is infheidhme maidir le heintitis de chuid tríú tíortha neamh-chomhlachaithe a leagtar síos sa bhunghníomh ná do rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme chlár nó ghníomhaíocht an Aontais.

AIRTEAGAL 3

Forálacha Críochnaitheacha

Fanfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm chomh fada agus is gá chun go dtabharfar i gcrích na tionscadail, na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí uile, nó codanna díobh, a mhaoineofar ó chláir de chuid an Aontais a liostaítear in Airteagal 1 den Phrótacal seo, na gníomhartha uile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus na hoibleagáidí airgeadais uile a eascraíonn as cur chun feidhme an Phrótacail seo idir na Páirtithe Conarthacha.

Cuirfear síneadh leis an bPrótacal seo agus beidh feidhm aige le haghaidh na tréimhse 2026-2027 faoi na téarmaí agus na coinníollacha céanna do chomharba Chlár Euratom, mura rud é, laistigh de 3 mhí tar éis an clár comharba sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, go dtabharfaidh ceachtar de na Páirtithe Conarthacha fógra faoina chinneadh gan an Prótacal seo a leathnú chun an clár comharba sin a chumhdach. I gcás fógra den sórt sin, ní bheidh feidhm ag an bPrótacal seo ón 1 Eanáir 2026 i leith chomharba Chlár Euratom.

AIRTEAGAL 4

Iarscríbhinn

Beidh an Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo ina cuid dhílis den Phrótacal.

& /ga 6

CUID II

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SONRACHA
UM RANNPHÁIRTÍOCHT I gCLÁIR AN AONTAIS

TEIDEAL 1

FÍS EORPACH AGUS CLÁR EURATOM
LENA GCOMHLÁNAÍTEAR AN CLÁR FÍS EORPACH

AIRTEAGAL 5

Téarmaí agus coinníollacha sonracha na rannpháirtíochta sa Chlár Fís Eorpach agus i gClár Euratom lena comhlánaítear an Clár Fís Eorpach.

1. Sula ndéanfar cinneadh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil eintitis de chuid na hEilvéise incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 22(5) de Rialachán (AE) 2021/695, féadfaidh an Coimisiún Eorpach faisnéis nó dearbhuithe sonracha a iarraidh, amhail:

(a) faisnéis maidir le cé acu a deonaíodh nó a dheonófar rochtain chómhalartach d'eintitis an Aontais ar chláir, tionscadail, gníomhartha, gníomhaíochtaí nó bearta eile na hEilvéise, nó ar chodanna díobh, atá ann cheana agus atá beartaithe, ar cláir, tionscadail gníomhartha, gníomhaíochtaí nó bearta iad atá coibhéiseach leis an ngníomh lena mbaineann den Chlár Fís Eorpach;

(b) faisnéis maidir le sásra náisiúnta um scagadh ar infheistíocht a bheith ag an Eilvéis agus dearbhuithe go ndéanfaidh údaráis na hEilvéise tuairisciú chuig an gCoimisiún Eorpach agus go rachaidh siad i gcomhairle leis maidir le haon chás féideartha ina bhfaighidh siad eolas, agus sásra den chineál sin á chur i bhfeidhm acu, faoi infheistíocht eachtrach nó táthcheangal atá beartaithe ag eintiteas atá bunaithe lasmuigh den Eilvéis, nó atá á rialú lasmuigh di, ar eintiteas de chuid na hEilvéise a fuair cistiú ón gClár Fís Eorpach nó ó Chlár Euratom i ngníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní straitéiseacha, leasanna, neamhspleáchas nó slándáil an Aontais, ar choinníoll go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach liosta de na heintitis ábhartha de chuid na hEilvéise a sholáthar don Eilvéis tar éis shíniú na gcomhaontuithe deontais leis na heintitis sin; agus

(c) dearbhuithe nach mbeidh aon cheann de na torthaí, na teicneolaíochtaí, na seirbhísí nó na táirgí arna bhforbairt faoi na gníomhaíochtaí lena mbaineann ag eintitis na hEilvéise faoi réir srianta ar a n-onnmhairiú chuig Ballstáit le linn na gníomhaíochta agus ar feadh 4 bliana tar éis dheireadh na gníomhaíochta; Roinnfidh an Eilvéis liosta cothrom le dáta de na srianta ar onnmhairiú ar bhonn bliantúil, le linn na gníomhaíochta agus ar feadh 4 bliana tar éis dheireadh na gníomhaíochta.

2. Féadfaidh eintitis na hEilvéise páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC), faoi théarmaí agus coinníollacha atá coibhéiseach leis na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir le heintitis an Aontais ach amháin má tá gá le teorainneacha chun comhsheasmhacht a áirithiú le raon feidhme na rannpháirtíochta a eascraíonn as cur chun feidhme mhír 1.

3. I gcás ina gcuirfidh an tAontas an Clár Fís Eorpach chun feidhme trí Airteagail 185 agus 187 de CFAE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Eilvéis agus eintitis na hEilvéise páirt a ghlacadh sna struchtúir dhlíthiúla a chruthaítear faoi na forálacha sin, i gcomhréir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais a glacadh nó a ghlacfar chun na struchtúir dhlíthiúla sin a bhunú.

4. Cuirfear an Eilvéis ar an eolas ar bhonn tráthrialta maidir le gníomhaíochtaí JRC a bhaineann le rannpháirtíocht na hEilvéise i ngach clár, agus maidir le cláir oibre ilbhliantúla JRC go háirithe. Tabharfar cuireadh d'ionadaí ardleibhéil ón Eilvéis freastal mar bhreathnóir ar chruinnithe Bhord Gobharnóirí JRC i ndáil le pointe a bhaineann le rannpháirtíocht na hEilvéise i ngach clár.

5. Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2021/819[1] nó ag gníomh dlí an Aontais a chuirtear in ionad an Rialacháin sin, agus ag Cinneadh (AE) 2021/820 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] i leith rannpháirtíocht eintitis na hEilvéise i bPobail Eolais agus Nuálaíochta i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chomhaontú seo.

6. Beidh sé de cheart ag ionadaithe na hEilvéise páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí sa choiste dá dtagraítear in Airteagal 14 de Chinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle agus in Airteagal 16 de Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle, gan cearta vótála agus le haghaidh pointí a bhaineann leis an Eilvéis nuair a phléann an coiste sin saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme an Chláir Fís Eorpach agus Chlár Euratom. Beidh an rannpháirtíocht sin i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chomhaontú seo. Is de réir grád barainne a aisíocfar costais taistil ionadaithe na hEilvéise chuig cruinnithe an choiste. Maidir le gach ábhar eile beidh aisíoc costais taistil agus speansais chothaithe faoi réir ag na rialacha céanna is infheidhme maidir le hionadaithe ar Bhallstáit.

---

[1] Rialachán (AE) 2021/819 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (IO L 189, 28.5.2021, lch. 61).

[2] Cinneadh (AE) 2021/820 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 maidir le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 2021-2027: Borradh a chur faoi Thallann Nuálaíochta agus faoi Chumas Nuálaíochta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1312/2013/AE (IO AE L 189, 28.5.2021, lch. 91).

AIRTEAGAL 6

Cómhalartacht

Féadfaidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas páirt a ghlacadh i gcláir, tionscadail, gníomhartha, gníomhaíochtaí nó bearta eile de chuid na hEilvéise, nó i gcodanna díobh, atá coibhéiseach leis na cinn sa Chlár Fís Eorpach agus i gClár Euratom, i gcomhréir le rialacháin na hEilvéise.

Soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach de chláir, tionscadail, gníomhartha, gníomhaíochtaí nó bearta eile na hEilvéise, nó codanna díobh, ar bearta coibhéiseacha iad, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal seo.

Maidir le cistiú na n-eintiteas dlítheanach arna mbunú san Aontas ag an Eilvéis, beidh sé faoi réir rialacháin na hEilvéise lena rialaítear oibriú na gclár, na dtionscadal, na ngníomhartha, na ngníomhaíochtaí nó na mbeart eile taighde agus nuálaíochta, nó codanna díobh. I gcás nach ndéantar cistiú a sholáthar, féadfaidh eintitis dhlítheanacha arna mbunú san Aontas páirt a ghlacadh trí bhíthin a gcuid acmhainní féin.

AIRTEAGAL 7

An eolaíocht oscailte

Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha cleachtais eolaíochta oscailte a chur chun cinn agus a spreagadh go frithpháirteach ina gcuid clár, tionscadal, gníomhartha agus gníomhaíochtaí, nó i gcodanna díobh, i gcomhréir le rialacha an Chláir Fís Eorpach agus Chlár Euratom agus le rialacháin na hEilvéise.

AIRTEAGAL 8

Coinníollacha airgeadais maidir leis an gClár Fís Eorpach

1. Beidh feidhm ag Airteagal 8 den Chomhaontú seo maidir leis an gClár Fís Eorpach.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 9 den Chomhaontú seo maidir leis an gClár Fís Eorpach.

3. Chun an ceartúchán uathoibríoch dá dtagraítear in Airteagal 9 den Chomhaontú seo agus san Airteagal seo a ríomh, beidh feidhm ag na socruithe mionsonraithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘deontais iomaíocha’ deontais a dhámhtar trí ghlaonna ar thograí inar féidir na tairbhithe deiridh a shainaithint tráth a ríomhtar an ceartúchán uathoibríoch. eisiatar tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe mar a shainmhínítear in Airteagal 207 den Rialachán Airgeadais;

(b) i gcás ina síneofar gealltanas dlíthiúil le cuibhreannas, is iad na méideanna carnacha a leithdháiltear ar thairbhithe is eintitis de chuid na hEilvéise na méideanna a úsáidfear chun méideanna tosaigh an ghealltanais dhlíthiúil a bhunú i gcomhréir le miondealú táscach buiséid an chomhaontaithe deontais;

(c) bunófar méideanna uile na ngealltanas dlíthiúil a chomhfhreagraíonn do dheontais iomaíocha trí úsáid a bhaint as córas leictreonach an Choimisiúin Eorpaigh, eCorda, agus asbhainfear iad ar an dara Céadaoin i mí Feabhra na bliana N+2;

(d) ciallaíonn ‘costais neamh-idirghabhálacha’ costais an Chláir Fís Eorpach seachas deontais iomaíocha, lena n-áirítear caiteachas tacaíochta, riarachán clárshonrach agus gníomhaíochtaí eile;

(e) measfar gur costais neamh-idirghabhálacha iad na méideanna a leithdháiltear ar eagraíochtaí idirnáisiúnta mar eintitis dhlíthiúla is tairbhí deiridh.

4. Is mar a leanas a chuirfear an sásra ceartúcháin uathoibríoch i bhfeidhm:

(a) ceartúcháin uathoibríocha le haghaidh bhliain N i ndáil le forghníomhú leithreasuithe faoi chomhair gealltanas i leith bhliain N, arna méadú i gcomhréir le hAirteagal 7(5) den Chomhaontú seo, cuirfear i bhfeidhm iad bunaithe ar shonraí bhliain N agus ar shonraí bhliain N+1 ó e-Corda dá dtagraítear i mír 3, pointe (c) den Airteagal seo i mbliain N+2 tar éis aon choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chomhaontú seo a chur i bhfeidhm maidir le ranníocaíocht na hEilvéise leis an gClár Fís Eorpach; is é an méid a bhreithneofar méid na ndeontas iomaíoch a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, tráth a ríomhtar an ceartúchán;

(b) ag tosú i mbliain N+2 agus suas go dtí 2029, déanfar méid an cheartúcháin uathoibríoch a ríomh le haghaidh bhliain N tríd an difríocht idir na nithe seo a leanas a ghlacadh:

(i) méid iomlán na ndeontas iomaíoch arna gcionroinnt ar an Eilvéis nó ar eintitis de chuid na hEilvéise mar ghealltanais arna ndéanamh maidir le leithreasuithe buiséid le haghaidh bhliain N; agus

(ii) méid ranníocaíocht oibríochtúil choigeartaithe na hEilvéise le haghaidh bhliain N arna iolrú faoin gcóimheas idir:

A. méid na ndeontas iomaíoch arna dtabhairt ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh bhliain N, arna méadú i gcomhréir le hAirteagal 7(5) den Chomhaontú seo; agus

B. iomlán na leithreasuithe buiséadacha údaraithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh bhliain N, lena n-áirítear costais neamh-idirghabhálacha.

Más rud é go ndéantar aon choigeartú i gcás ina ndéantar eintitis de chuid na hEilvéise a eisiamh de bhun Airteagal 8 a chur i bhfeidhm, ní áireofar méideanna comhfhreagracha na ndeontas iomaíoch sna ríomhanna.

5. I ndáil le ranníocaíocht oibríochtúil na hEilvéise le haghaidh bliain N ar leith, más rud é gur méid diúltach é méid na difríochta a ríomhtar i gcomhréir leis an modh a leagtar síos in Airteagal 9(2) den Chomhaontú seo, agus go sáraíonn sé, i ndearbhthéarmaí, 8 % den ranníocaíocht oibríochtúil chomhfhreagrach le haghaidh bhliain N, déanfar ranníocaíocht oibríochtúil na hEilvéise amach anseo le haghaidh bhliain N+2 a laghdú de réir na difríochta idir an dearbhmhéid a ríomhtar i gcomhréir leis an modh a leagtar síos in Airteagal 9(2) le haghaidh bhliain N, idir sin agus an méid a chomhfhreagraíonn do 8 % den ranníocaíocht oibríochtúil chomhfhreagrach le haghaidh bhliain N.

Tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Phrótacal seo, aon laghdú a dhéanfar ar ranníocaíochtaí oibríochtúla amach anseo, dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, déanfar é a chur i bhfeidhm ar ranníocaíochtaí oibríochtúla na hEilvéise le clár comharba a nglacfaidh an Eilvéis páirt ann.

Má dhéantar ranníocaíocht oibríochtúil na hEilvéise a choigeartú i mbliain N+2 i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus leis an dara fomhír, cuirfear an coigeartú sin san áireamh ar mhaithe le méid bliantúil le haghaidh bhliain N+2 a ríomh i gcomhréir le pointe 4 den Iarscríbhinn maidir le Forálacha um Chur Chun Feidhme Airgeadais.

AIRTEAGAL 9

Coinníollacha airgeadais maidir le Clár Euratom

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 8 den Chomhaontú seo maidir le Clár Euratom, lena gcomhlánaítear an Clár Fís Eorpach.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 9 den Chomhaontú seo maidir le Clár Euratom, lena gcomhlánaítear an Clár Fís Eorpach.

3. De mhaolú ar Airteagal 7(7) den Chomhaontú seo, is é 95,4 % den treoir rannícoca a shainítear in Airteagal 7(6) den Chomhaontú seo a bheidh sa treoir rannícoca atá le cur i bhfeidhm sna blianta 2025, 2026 agus 2027 chun an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh rannpháirtíocht i gClár Euratom a ríomh.

TEIDEAL 2

RANNPHÁIRTÍOCHT SA CHLÁR DON EORAIP DHIGITEACH

AIRTEAGAL 10

Raon feidhme an chomhlachais

Glacfaidh an Eilvéis páirt mar thír chomhlachaithe i gCuspóir Sonrach 1 (Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta), Cuspóir Sonrach 2 (an Intleacht Shaorga), Cuspóir Shonrach 4 (Ardscileanna Digiteacha) agus Cuspóir Sonrach 5 (Cur Chun Úsáide agus Úsáid is Fearr na n-Acmhainneachtaí Digiteacha agus an Idir-inoibritheacht) den Chlár don Eoraip Dhigiteach dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/694.

AIRTEAGAL 11

Téarmaí agus coinníollacha sonracha na rannpháirtíochta sa Chlár don Eoraip Dhigiteach

1. Sula ndéanfar cinneadh maidir le cé acu atá nó nach bhfuil eintitis de chuid na hEilvéise incháilithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht a ndearnadh rannpháirtíocht a shrianadh ina leith ar chúiseanna a bhfuil údar cuí leo, ar bhonn Airteagal 12(6) de Rialachán (AE) 2021/694, féadfaidh an Coimisiún Eorpach faisnéis nó dearbhuithe sonracha a iarraidh, amhail:

(a) faisnéis maidir le cé acu a deonaíodh nó a dheonófar rochtain chómhalartach d'eintitis an Aontais ar chláir, ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí na hEilvéise, nó ar chodanna díobh, atá ann cheana agus atá beartaithe, ar cláir, tionscadail nó gníomhaíochtaí iad atá coibhéiseach leis an ngníomhaíocht don Eoraip Dhigiteach lena mbaineann;

(b) faisnéis maidir le sásra náisiúnta um scagadh ar infheistíocht a bheith ag an Eilvéis agus dearbhuithe go ndéanfaidh údaráis na hEilvéise tuairisciú chuig an gCoimisiún Eorpach agus go rachaidh siad i gcomhairle leis maidir le haon chás féideartha ina bhfaighidh siad eolas, agus sásra den chineál sin á chur i bhfeidhm acu, faoi infheistíocht eachtrach nó táthcheangal atá beartaithe ag eintiteas atá bunaithe lasmuigh den Eilvéis, nó atá á rialú lasmuigh di, ar eintiteas de chuid na hEilvéise a fuair cistiú ón gClár don Eoraip Dhigiteach i ngníomhaíochtaí, ar choinníoll go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach liosta de na heintitis dhlítheanacha ábhartha atá bunaithe san Eilvéis a sholáthar don Eilvéis tar éis shíniú na gcomhaontuithe deontais leis na heintitis sin; agus

(c) Dearbhuithe nach mbeidh aon cheann de na torthaí, na teicneolaíochtaí, na seirbhísí nó na táirgí arna bhforbairt faoi na gníomhaíochtaí lena mbaineann ag eintitis na hEilvéise faoi réir srianta ar a n-onnmhairiú chuig Ballstáit le linn na gníomhaíochta agus ar feadh 4 bliana tar éis dheireadh na gníomhaíochta; roinnfidh an Eilvéis liosta cothrom le dáta de na hábhair maidir le srianta náisiúnta ar onnmhairiú ar bhonn bliantúil, le linn na gníomhaíochta agus ar feadh 4 bliana tar éis dheireadh na gníomhaíochta.

2. I gcás ina gcuirfidh coinníollacha an ghlao srian le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht mar gheall ar bhreithnithe a bhaineann le slándáil an Aontais faoi Airteagal 12(6) de Rialachán (AE) 2021/694, féadfaidh an Coimisiún Eorpach faisnéis nó dearbhú sonrach a iarraidh ar an Eilvéis chun measúnú a dhéanamh ar leormhaitheas na ráthaíochtaí, arna soláthar ag na heintitis ábhartha, nach mbeadh tionchar diúltach ag a rannpháirtíocht sa ghníomhaíocht ar shlándáil an Aontais.

3. I gcás ina gcuirfidh an tAontas an Clár don Eoraip Dhigiteach chun feidhme trí Airteagail 185 agus 187 de CFAE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Eilvéis agus eintitis na hEilvéise páirt a ghlacadh sna struchtúir dhlíthiúla a chruthaítear faoi na forálacha sin, i gcomhréir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais a glacadh nó a ghlacfar chun na struchtúir dhlíthiúla sin a bhunú.

AIRTEAGAL 12

Cómhalartacht

Féadfaidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas páirt a ghlacadh i gcláir, tionscadail, gníomhartha, gníomhaíochtaí nó bearta eile na hEilvéise, nó i gcodanna díobh, atá coibhéiseach leis na cinn sa Chlár don Eoraip Dhigiteach, i gcomhréir le rialacháin na hEilvéise.

Soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach de chláir, tionscadail, gníomhartha, gníomhaíochtaí nó bearta eile na hEilvéise, nó codanna díobh, ar bearta coibhéiseacha iad, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal seo.

Maidir le cistiú na n-eintiteas dlítheanach arna mbunú san Aontas ag an Eilvéis, beidh sé faoi réir rialacháin na hEilvéise lena rialaítear oibriú na gclár, na dtionscadal, na ngníomhartha, na ngníomhaíochtaí nó na mbeart eile taighde agus nuálaíochta, nó codanna díobh. I gcás nach ndéantar cistiú a sholáthar, féadfaidh eintitis dhlítheanacha arna mbunú san Aontas páirt a ghlacadh trí bhíthin a gcuid acmhainní féin.

AIRTEAGAL 13

Coinníollacha airgeadais

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 8 den Chomhaontú seo maidir leis an gClár don Eoraip Dhigiteach.

TEIDEAL 3

RANNPHÁIRTÍOCHT SA CHLÁR ERASMUS+

AIRTEAGAL 14

Téarmaí agus coinníollacha sonracha na rannpháirtíochta sa Chlár Erasmus+

Beidh rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chlár Erasmus+ faoi réir coinníll go ndéanfar údarás náisiúnta a cheapadh, gníomhaireacht náisiúnta a bhunú agus comhlacht neamhspleách iniúchóireachta a ainmniú, i gcomhréir le hAirteagail 26, 27, 28 agus 29 de Rialachán (AE) 2021/817.

Beidh éifeacht le rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chlár Erasmus+ ón dáta a ghlacfaidh an Coimisiún Eorpach leis an measúnú ar chomhlíonadh *ex-ante* na gníomhaireachta náisiúnta, de bhun Airteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2021/817.

AIRTEAGAL 15

Coinníollacha airgeadais

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 8 den Chomhaontú seo maidir leis an gClár Erasmus+.

2. De mhaolú ar Airteagal 7(7) den Chomhaontú seo, is é 70 % den treoir ranníoca a shainítear in Airteagal 7(6) den Chomhaontú seo a bheidh sa treoir ranníoca atá le cur i bhfeidhm sa bhliain 2027 chun an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh rannpháirtíocht sa Chlár Erasmus+ a ríomh.

IARSCRÍBHINN I

Liosta de chláir choibhéiseacha, tionscadail,
gníomhartha agus gníomhaíochtaí coibhéiseacha na hEilvéise, nó codanna díobh

1. Is mar chláir, tionscadail, gníomhartha agus gníomhaíochtaí na hEilvéise, nó codanna díobh, atá coibhéiseach leis an gClár Fís Eorpach agus le Clár Euratom a mheasfar an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas:

   – An tionscnamh BRIDGE Proof of Concept

   – Cistiú tionscadal ó SNSF

   – Tionscadail sláinte & folláine SNSF

   – MARVIS, clár de chuid SNSF

   – Scéim Idirnáisiúnta Comh-imscrúdaitheora SNSF

   – Lárionaid Náisiúnta Inniúlachta sa Taighde SNSF

   – Ambizione

   – Spark

   – Cistiú tionscadal ón Oifig Cónaidhme um an Iompar (FOT)

– Saotharlann Mharthanach Úsáideoirí Eolaíochta um Ionsamhlú agus Eolaíocht Sonraíbhunaithe (Saotharlann Úsáideoirí) ag CSCS

– Lárionad um Eolaíocht Sonraí na hEilvéise

– Lárionad Plasma na hEilvéise/Mol Comhleá na hEilvéise

– Foinse Sholais na hEilvéise (SLS)

– Foinse Spallúcháin Neodrón na hEilvéise (SINQ)

– Foinse mhuóin SμS

– Bonneagar Taighde na hEilvéise um an bhFisic Cáithníní (CHRISP)

– SwissFEL, Léasar Saorleictreon X-Ghathanna na hEilvéise

– Líne léis Eilvéiseach-Ioruach (SNBL)

– An tionscnamh SwissChips

– An tionscadal SwissTwins

2. Is mar chláir, tionscadail, gníomhartha agus gníomhaíochtaí na hEilvéise, nó codanna díobh, atá coibhéiseach leis an gClár don Eoraip Dhigiteach a mheasfar an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas:

[…]

_____

PRÓTACAL II

RANNPHÁIRTÍOCHT I NGNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHOMHGHNÓTHAIS EORPAIGH UM ITER
AGUS UM FHUINNEAMH COMHLEÁ A FHORBAIRT,
I GCOMHAONTÚ ITER AGUS SA CHOMHAONTÚ MAIDIR LE CUR CHUIGE NÍOS LEITHNE

AIRTEAGAL 1

Raon feidhme an chomhlachais

Beidh an Eilvéis rannpháirteach mar chomhalta den Chomhghnóthas um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (F4E) agus rannchuideoidh sí leis i gcomhréir le hAirteagal 2(c) de Chinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle[1], agus na Reachtanna atá i gceangal leis (‘Reachtanna F4E’), agus ar an gcaoi sin rannchuideoidh an Eilvéis leis an gcomhar eolaíoch agus teicneolaíoch a bheidh ann amach anseo i réimse an chomhleá núicléach rialaithe trína comhlachas le Clár Euratom.

AIRTEAGAL 2

Fad rannpháirtíocht na hEilvéise

1. Beidh an Eilvéis rannpháirteach mar chomhalta de F4E ón 1 Eanáir 2026 agus a fhad a bheidh F4E ar bun, ar choinníoll go mbeidh coinníollacha Chinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle á gcomhlíonadh.

[1] Cinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear Comhghnóthas Eorpach i gcomhair ITER agus Fuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus lena dtugtar buntáistí dó (IO AE L 90, 30.3.2007, lch. 58).

2. Beidh an Eilvéis nó eintitis de chuid na hEilvéise incháilithe faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 den Chomhaontú seo, maidir le nósanna imeachta dámhachtana an Aontais, lena gcuirtear chun feidhme gealltanais bhuiséadacha na gclár agus na ngníomhaíochtaí, nó na gcodanna díobh, dá dtagraítear in Airteagal 1 den Phrótacal seo laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo. Ní bheidh an Eilvéis ná eintitis de chuid na hEilvéise incháilithe le haghaidh cistiú ón Aontas faoi nósanna imeachta dámhachtana an Aontais lena gcuirtear chun feidhme gealltanais bhuiséadacha do 2021, 2022, 2023, 2024 nó 2025, gan dochar do na rialacha incháilitheachta is infheidhme maidir le heintitis de chuid tríú tíortha neamh-chomhlachaithe a leagtar síos sa bhunghníomh ná do rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí F4E.

AIRTEAGAL 3

Téarmaí agus coinníollacha sonracha na rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt

1. D'ainneoin Airteagal 12(2), pointe (a), agus Airteagal 82(3), pointe (a), de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968[1], agus i gcomhréir le hAirteagal 10 de Reachtanna F4E, féadfaidh Stiúrthóir F4E náisiúnaigh Eilvéiseacha a bhfuil cearta iomlána saoránaigh acu a cheapadh mar bhaill foirne F4E.

[1] Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO AE L 56, 4.3.1968, lch. 1).

2. Beidh cearta vótála ag an Eilvéis ar Bhord Rialúcháin F4E agus déanfaidh sí ranníocaíocht bhallraíochta bhliantúil le F4E i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Reachtanna F4E.

3. Faoi réir fhorálacha an Chomhaontaithe seo, agus go háirithe Airteagal 4 de, féadfaidh eintitis na hEilvéise páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí uile F4E faoi na coinníollacha céanna is infheidhme maidir le heintitis dhlítheanacha Euratom.

4. Glacfaidh ionadaithe ón Eilvéis páirt i gcruinnithe F4E i gcomhréir le Reachtanna F4E.

5. Cuirfidh an Eilvéis an Prótacal (Uimh. 7) ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh atá i gceangal le CFAE i bhfeidhm maidir le F4E, a Stiúrthóir agus a fhoireann i dtaca lena gcuid gníomhaíochtaí de bhun Chinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle, de réir na módúlachtaí seo a leanas:

(a) leathnú chun go mbeidh sé infheidhme san Eilvéis

aon áit a bhfuil tagairtí do na Ballstáit sa Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, tuigfear go mbeidh feidhm chomhionann ag na tagairtí sin maidir leis an Eilvéis, mura gcinnfear a mhalairt leis na forálacha seo a leanas;

(b) díolúine ag F4E ó chánachas indíreach (lena n-áirítear CBL):

(i) ní bheidh earraí agus seirbhísí a onnmhairítear ón Eilvéis faoi réir cháin bhreisluach na hEilvéise (CBL); i gcás earraí agus seirbhísí a sholáthraítear do F4E san Eilvéis le haghaidh a úsáide oifigiúla, i gcomhréir le hAirteagal 3, an dara fomhír, den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, deonófar díolúine ó CBL trí bhíthin aisíocaíochta; tabharfar díolúine ó CBL más 100 CHF ar a laghad (lena n-áirítear cáin) praghas ceannaigh iarbhír na n-earraí agus na seirbhísí a luaitear sa sonrasc nó sa doiciméad coibhéiseach;

(ii) deonófar an aisíocaíocht CBL nuair a thíolacfar na foirmeacha Eilvéiseacha a chuirtear ar fáil chun na críche sin do Phríomh-Roinn CBL an Riaracháin Cánach Cónaidhme; déanfar iarratais ar aisíocaíocht a phróiseáil, go hiondúil, laistigh de na 3 mhí tar éis an dáta a taisceadh iad maille leis na doiciméid tacaíochta is gá;

(c) an nós imeachta um chur i bhfeidhm na rialacha a bhaineann leis an gComhghnóthas Eorpach um fhoireann ITER:

(i) a mhéid a bhaineann le hAirteagal 12, an dara fomhír, den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, de réir phrionsabail a dlí náisiúnta, díolmhóidh an Eilvéis oifigigh agus seirbhísigh eile F4E de réir bhrí Airteagal 2 de Rialachán (Euratom, ECSC, CEE) Uimh. 549/69[1] ó chánacha cónaidhmeacha, cantúin agus pobail ar thuarastail, ar phá agus ar dhíolaíochtaí a íocann an tAontas Eorpach leo agus atá faoi réir cáin inmheánach chun a thairbhe féin;

[1] Rialachán (EURATOM, ECSC, CEE) Uimh. 549/69 ón gComhairle an 25 Márta 1969 lena gcinntear na catagóirí oifigeach agus seirbhíseach eile de chuid na gComhphobal Eorpach lena mbaineann forálacha Airteagal 12, an dara mír d'Airteagal 13 agus Airteagal 14 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh atá i gceangal le CFAE.

(ii) Ní mheasfar gur Ballstát í an Eilvéis de réir bhrí litir 1 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 13 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

(iii) Oifigigh agus seirbhísigh eile F4E agus daoine dá dteaghlaigh ar baill iad den chóras árachais shóisialta is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile an Aontais, ní bheidh oibleagáid orthu a bheith ina mbaill de chóras slándála sóisialta na hEilvéise;

(iv) beidh dlínse eisiach ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in aon ábhar a bhaineann leis an gcaidreamh idir F4E nó an Coimisiún Eorpach agus a fhoireann maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 agus cur i bhfeidhm fhorálacha eile dhlí an Aontais lena leagtar síos dálaí oibre.

6. Déanfaidh an Eilvéis freisin na buntáistí uile dá bhforáiltear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a thabhairt do F4E laistigh de raon feidhme a ghníomhaíochtaí oifigiúla.

AIRTEAGAL 4

Rialuithe airgeadais

1. Beidh rochtain iomchuí ag oifigigh F4E agus an Choimisiúin Eorpaigh agus ag daoine eile arna sainordú ag F4E agus ag an gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear rochtain leictreonach, ar láithreáin, oibreacha agus doiciméid agus ar an bhfaisnéis uile is gá chun athbhreithnithe agus iniúchtaí a dhéanamh mar aon le bearta lena gcosnaítear leasanna airgeadais an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 12 den Chomhaontú seo. Déanfar an ceart rochtana sin a shonrú go sainráite sna conarthaí nó sna comhaontuithe a thabharfar i gcrích chun na hionstraimí dá dtagraítear sa Phrótacal seo a chur chun feidhme.

2. Cuirfidh údaráis inniúla na hEilvéise F4E agus an Coimisiún Eorpach ar an eolas gan mhoill faoi aon fhíoras nó amhras atá tugtha faoi deara acu a bhaineann le neamhrialtacht i dtaca le tabhairt i gcrích agus cur chun feidhme na gconarthaí nó na gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích i gcur i bhfeidhm na n-ionstraimí dá dtagraítear sa Phrótacal seo.

3. Gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí coiriúil na hEilvéise, féadfaidh F4E nó an Coimisiún Eorpach bearta agus pionóis riaracháin a fhorchur i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[1].

4. Cinntí a dhéanfaidh F4E nó an Coimisiún Eorpach laistigh de raon feidhme an Phrótacail seo agus lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar dhaoine seachas ar Stáit, beidh na cinntí sin in-fhorfheidhmithe san Eilvéis.

[1] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO AE L 312, 23.12.1995, lch. 1).

5. Eiseofar an t-ordú chun cinneadh a fhorfheidhmiú faoin mír roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 14 den Chomhaontú seo. Cuirfidh an t-údarás arna ainmniú ag Rialtas na hEilvéise F4E nó an Coimisiún Eorpach ar an eolas.

AIRTEAGAL 5

Coinníollacha airgeadais

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 8 den Chomhaontú seo maidir leis an bPrótacal seo.

2. De mhaolú ar Airteagal 7(7) den Chomhaontú seo, is é 95,4 % den treoir rannícoca a shainítear in Airteagal 7(6) den Chomhaontú seo a bheidh sa treoir rannícoca atá le cur i bhfeidhm sna blianta 2026 agus 2027 chun an ranníocaíocht oibríochtúil le haghaidh rannpháirtíocht in F4E a ríomh.

AIRTEAGAL 6

Infheidhmeacht Chomhaontú ITER, an Chomhaontaithe maidir le Pribhléidí agus Díolúintí ITER agus an Chomhaontaithe maidir le Cur Chuige Níos Leithne i leith chríoch na hEilvéise

1. Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha an méid seo a leanas:

(a) beidh feidhm ag Comhaontú ITER i leith chríoch na hEilvéise, agus chun críocha chur i bhfeidhm an Airteagail seo, measfar gur comhaontú ábhartha é an Prótacal seo chun críocha Airteagal 21 den Chomhaontú sin;

(b) beidh feidhm ag an gComhaontú maidir le Pribhléidí agus Díolúintí ITER i leith chríoch na hEilvéise, agus chun críocha chur i bhfeidhm an Airteagail seo, measfar gur comhaontú ábhartha é an Prótacal seo chun críocha Airteagal 24 den Chomhaontú sin; agus

(c) beidh feidhm ag an gComhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne i leith chríoch na hEilvéise, go háirithe na pribhléidí agus na díolúintí faoi Airteagal 13 agus Airteagal 14(5) den Chomhaontú sin, agus chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, measfar gur comhaontú ábhartha é an Prótacal seo chun críocha Airteagal 26 den Chomhaontú sin.

2. Beidh náisiúnaigh Eilvéiseacha a bhfuil cearta iomlána saoránaigh acu incháilithe faoi na coinníollacha céanna leis na coinníollacha do náisiúnaigh na mBallstát, ar náisiúnaigh iad atá le bheith:

(a) ainmnithe ag Euratom mar ionadaithe do Chomhairle na hEagraíochta Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER (Airteagal 6(1) de Chomhaontú ITER);

(b) ainmnithe ag Comhairle na hEagraíochta Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER mar bhaill foirne shinsearacha (Airteagal 6(7), pointe (d), de Chomhaontú ITER);

(c) ina mbaill foirne atá ar iasacht ó Euratom chuig an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER (Airteagal 7(2) de Chomhaontú ITER);

(d) fostaithe go díreach ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fuinnimh Comhleá ITER trí cheapacháin ag a hArd-Stiúrthóir (Airteagal 7(2) agus (4), pointe (b), de Chomhaontú ITER);

(e) ainmnithe ag Euratom mar ionadaithe do Choiste Stiúrtha na nGníomhaíochtaí Cur Chuige Níos Leithne agus do Choistí Tionscadail na nGníomhaíochtaí Cur Chuige Níos Leithne (Airteagail 3 agus 5 den Chomhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne);

(f) ainmnithe ag an gCoiste Stiúrtha mar bhaill foirne na Rúnaíochta (Airteagal 4 den Chomhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne);

(g) ar iasacht ó Euratom chuig na Gníomhaíochtaí Cur Chuige Níos Leithne, i.e. mar bhall de na foirne tionscadail nó mar cheannaire tionscadail (Airteagal 6 den Chomhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne).

3. Cuirfidh Euratom an Eilvéis ar an eolas, i scríbhinn, má bhíonn leasú le déanamh ar Chlár ITER, ar Chomhaontú ITER, ar an gComhaontú maidir le Cur Chuige Níos Leithne nó ar an gComhaontú maidir le Pribhléidí agus Díolúintí ITER.

AIRTEAGAL 7

Cómhalartacht

Féadfaidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas páirt a ghlacadh i gcláir, tionscadail, gníomhartha, gníomhaíochtaí nó bearta eile na hEilvéise, nó i gcodanna díobh, atá coibhéiseach leis na cinn atá ar bun ag an Eagraíocht ITER, ag F4E nó ag an gCur Chuige Níos Leithne, i gcomhréir le rialacháin na hEilvéise. Soláthraítear liosta neamh-uileghabhálach de chláir, tionscadail, gníomhartha, gníomhaíochtaí nó bearta eile na hEilvéise, nó codanna díobh, ar bearta coibhéiseacha iad, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal seo.

Maidir le cistiú na n-eintiteas dlítheanach arna mbunú san Aontas ag an Eilvéis, beidh sé faoi réir rialacháin na hEilvéise lena rialaítear oibriú na gclár, na dtionscadal, na ngníomhartha, na ngníomhaíochtaí nó na mbeart eile taighde agus nuálaíochta, nó codanna díobh. I gcás nach ndéantar cistiú a sholáthar, féadfaidh eintitis dhlítheanacha arna mbunú san Aontas páirt a ghlacadh trí bhíthin a gcuid acmhainní féin.

AIRTEAGAL 8

Forálacha Críochnaitheacha

Fanfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm chomh fada agus is gá chun go dtabharfar i gcrích na tionscadail, na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí uile, nó codanna díobh, a mhaoineofar ón gclár de chuid an Aontais a liostaítear in Airteagal 1 den Phrótacal seo, na gníomhartha uile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus na hoibleagáidí airgeadais uile a eascraíonn as cur chun feidhme an Phrótacail seo idir na Páirtithe Conarthacha.

IARSCRÍBHINN I

Liosta de chláir choibhéiseacha, tionscadail,
gníomhartha agus gníomhaíochtaí coibhéiseacha na hEilvéise, nó codanna díobh

Is mar chláir, tionscadail, gníomhartha agus gníomhaíochtaí na hEilvéise, nó codanna díobh, atá coibhéiseach le ITER a mheasfar an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas:

[…]

PRÓTACAL III

RANNPHÁIRTÍOCHT SA CHLÁR EU4HEALTH

AIRTEAGAL 1

Raon feidhme an chomhlachais

1. Mar thír chomhlachaithe, glacfaidh an Eilvéis páirt i gcodanna sonracha den Chlár EU4Health agus rannchuideoidh sí leis na codanna sin, ar clár é a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/522 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte (‘Clár EU4Health’) don tréimhse 2021-2027, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014[1], sa leagan de is cothroime le dáta.

2. Na codanna sonracha den Chlár EU4Health a nglacfaidh an Eilvéis páirt iontu agus a rannchuideoidh sí leo, is le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a bhaineann siad, mar a chumhdaítear sa Chomhaontú maidir le Sláinte.

AIRTEAGAL 2

Fad rannpháirtíocht na hEilvéise

1. Glacfaidh an Eilvéis páirt sa Chlár EU4Health ón 1 Eanáir den bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le Sláinte, ar feadh na tréimhse atá fágtha den Chlár EU4Health nó go dtí deireadh CAI 2021-2027, cibé acu is giorra.

[1] IO AE L 107, 26.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/522/oj.

2. Beidh an Eilvéis nó eintitis de chuid na hEilvéise incháilithe faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4 den Chomhaontú seo, maidir le nósanna imeachta dámhachtana an Aontais, lena gcuirtear chun feidhme gealltanais bhuiséadacha chláir agus ghníomhaíochtaí an Chláir EU4Health, nó na gcodanna díobh, laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo. Ní bheidh an Eilvéis ná eintitis de chuid na hEilvéise incháilithe le haghaidh cistiú ón Aontas faoi nósanna imeachta dámhachtana an Aontais lena gcuirtear chun feidhme gealltanais bhuiséadacha d'aon cheann de na blianta i dtréimhse CAI 2021-2027 roimh thús na rannpháirtíochta sa Chlár EU4Health, i gcomhréir le mír 1, gan dochar do na rialacha incháilitheachta is infheidhme maidir le heintitis de chuid tíortha neamh-chomhlachaithe a leagtar síos sa bhunghníomh ná do rialacha eile a bhaineann le cur chun feidhme chlár nó ghníomhaíocht an Aontais.

AIRTEAGAL 3

Téarmaí agus coinníollacha sonracha na rannpháirtíochta sa Chlár EU4Health

1. Glacfaidh an Eilvéis páirt sa Chlár EU4Health i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú seo agus sa ghníomh dlí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Phrótacal seo, agus in aon riail eile a bhaineann le cur chun feidhme an Chláir EU4Health, sa leagan is cothroime le dáta de.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt sna téarmaí agus coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Eilvéis páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Chláir EU4Health faoi choinníollacha atá coibhéiseach leis na coinníollacha is infheidhme maidir le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas, lena n-áirítear urraim do bhearta sriantacha an Aontais.

3. Is é an Béarla a úsáidfear sna nósanna imeachta a bhaineann le hiarrataí, conarthaí agus tuarascálacha, agus i ngnéithe riaracháin eile den Chlár EU4Health.

AIRTEAGAL 4

Coinníollacha airgeadais

Ní bheidh feidhm ag Airteagail 8 den Chomhaontú seo maidir leis an bPrótacal seo.

AIRTEAGAL 5

Forálacha Críochnaitheacha

Fanfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm chomh fada agus is gá chun go dtabharfar i gcrích na tionscadail, na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí uile, nó codanna díobh, a mhaoineofar ó Chlár an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 den phrótacal seo, na gníomhartha uile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus na hoibleagáidí airgeadais uile a eascraíonn as cur chun feidhme an Phrótacail seo idir na Páirtithe Conarthacha.